



# TREOIRLÍNTE **um Pleanáil Foghlama Digití**

AN ROINN OIDEACHAIS AGUS SCILEANNA | DEPARTMENT OF EDUCATION AND SKILLS

# Clár na nÁbhar

**Réamhrá** 1

**Ag Tosú Amach (Leibhéal na Scoile Uile)** 12

**Ag Tosú Amach (comhthéacsanna pleanála eile)** 15

**Céim 1: Aimsigh an Fócas** 17

**Céim 2: Bailigh Fianaise** 20

**Céim 3: Déan Anailís agus Breithiúnais** 26

**Céim 4: Scríobh agus Roinn an Plean Foghlama Digití** 30

**Céim 5: An Plean á Chur i nGníomh** 35

**Céim 6: Déan Monatóireacht ar Ghníomhartha agus Déan Meastóireacht ar an Tionchar** 44

Aguisín A – Acmhainní agus Tacaíochtaí 46

Aguisín B – Teimpléad – Plean Foghlama Digití 60

Aguisín C – Grúpa Forbartha 63



# Réamhrá

## An Comhthéacs

Sa *Straitéis Dhigiteach do Scoileanna 2015-2020, Teagasc, Foghlaim agus Measúnú a Fheabhsú*[1] (Straitéis Dhigiteach) aithnítear go bhféadfadh ról lárnach a bheith ag TFC sa bhunathrú ar chleachtais teagaisc, foghlama agus measúnaithe do mhúinteoirí agus scoláirí, i gcóras oideachais den scoth san 21ú haois. Ba é sa chomhthéacs seo a forbraíodh an Creat Foghlama Digití (Creat FD) do scoileanna. Sa Chreat FD cuirtear plean oibre ar fáil chun cuidiú le scoileanna bainistíocht a dhéanamh ar an mbunathrú ar an teagasc agus ar an bhfoghlaim mar thoradh ar na teicneolaíochtaí digiteacha nua.

Sna Treoirlínte um Pleanáil Foghlama Digití (Treoirlínte um Pleanáil FD) cuirtear treoir ar fáil maidir le conas is féidir leis an gCreat FD tacú le Plean Foghlama Digití (Plean FD) a chruthú do gach scoil. Táthar ag súil go n-ullmhóidh scoileanna Plean Foghlama Digití (Plean ríomhfhoghlama roimhe seo) mar chuid de Phlean na Scoile Uile agus go gcuirfidh siad é i bhfeidhm. Is féidir na treoirlínte a úsáid freisin chun tacú le pleanáil sna ranna ábhair agus le pleanáil an mhúinteora aonair agus chun an fhoghlaim dhigiteach a chur chun cinn sna leibhéil cláir agus traschuraclaim. Is é an sprioc dheiridh atá ag na Treoirlínte um Pleanáil Foghlama Digití ná na teicneolaíochtaí a chur i bhfeidhm go daingean i ngach réimse de ghníomhaíochtaí scoileanna.




*Fíor 1, An Comhthéacs um Pleanáil Foghlama Digití*

1. Straitéis Dhigiteacha do Scoileanna: https://www.education.ie/ga/Foilseach%C3%A1in/Tuarasc%C3%A1lacha-Beartais/Straiteis-Dhigiteach-do-Scoileanna-2015-2020.pdf

Cé go dtagrófar don '*scoil*' trí na Treoirlínte seo, is féidir an focal '*scoil*' a mhalartú le '*múinteoir*', '*roinn ábhair*' nó '*grúpaí múinteoirí*' ag brath ar an gcomhthéacs ina n-úsáidtear é. Tá na Treoirlínte oiriúnach le bheith in úsáid ag bunscoileanna agus iar-bhunscoileanna araon agus tá an téarma *"scoláire/dalta/foghlaimeoir"* inmhalartaithe ag brath ar leibhéal an chomhthéacs.

Tagann na Treoirlínte um Pleanáil FD in áit *Lámhleabhar um an Ríomhfhoghlaim a Phleanáil agus a Chur i bhFeidhm i do Scoil le haghaidh Príomhoidí agus Múinteoirí Comhordaithe TFC* (Lámhleabhar um Pleanáil na Ríomhfhoghlama)[2].

## Aidhm na dTreoirlínte seo

Is é aidhm na dTreoirlínte seo cuidiú le cleachtóirí úinéireacht a ghlacadh ar úsáid na dteicneolaíochtaí digiteacha ina scoil agus na ceisteanna seo a chur:

- Cé chomh maith agus atá ag éirí linn?
- Conas atá a fhios againn cén chaoi a bhfuil ag éirí linn?
- Cén fhianaise atá againn chun tacú lenár dtuairim?
- Conas is féidir linn tuilleadh a fháil amach faoinár gcleachtais maidir le foghlaim, teagasc agus measúnú?
- Cad iad na láidreachtaí atá againn?
- Cad iad na réimsí le feabhsúcháin atá againn?
- Conas is féidir linn feabhas a dhéanamh?

Sna Treoirlínte um Pleanáil FD leagtar amach próiseas céim ar chéim chun cuidiú leo siúd a úsáideann an Creat FD chun breathnú ar conas a úsáideann siad raon teicneolaíochtaí digiteacha don Teagasc agus Foghlaim agus Ceannaireacht agus Bainistíocht. San áireamh anseo déantar machnamh ar an gcleachtas reatha agus ar na réimsí a aithint inar féidir tuilleadh feabhais a chur ar an gcleachtas, ina ndéanfar Plean FD a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm dá bharr. Is príomhdhoiciméad é an Creat FD lena mheas nuair atá scoil ag tabhairt faoi Phlean FD a fhorbairt.

## Cén Fáth a nDéantar Plean Foghlama Digití a Fhorbairt?

Má dhéantar Plean FD a fhorbairt cuirtear go leor tairbhí ar fáil le bheith ag

2. http://www.pdsttechnologyineducation.ie/en/Planning2/e-Learning-Handbook/Introduction.pdf

obair i dtreo teicneolaíochtaí digiteacha a chur i bhfeidhm san fhoghlaim, teagasc agus measúnú. Go sonrach, trí phlean foghlama digití a fhorbairt, déanfar na nithe seo a leanas:

- Cuirfear deis ar fáil do phobal na scoile le fís chomhaontaithe um fhoghlaim dhigiteach laistigh den scoil a fhorbairt.
- Cuirfear gné shuntasach le Plean na Scoile Uile.
- Déanfar taifeadadh ar conas a thacóidh teicneolaíochtaí digiteacha na straitéisí foghlama, teagaisc agus measúnaithe sa scoil.
- Cuirfear straitéis shoiléir um chur i bhfeidhm na foghlama digití ar fáil don scoil chun cuidiú léi fís na scoile um fhoghlaim a bhaint amach san 21ú haois.

Cuideofar leis an scoil aon mhaoiniú a fhaightear a chionroinnt go straitéiseach.

## Cad is Foghlaim Dhigiteach ann?

D'úsáid an Roinn Oideachais agus Scileanna (an Roinn) an téarma TFC i straitéisí digiteacha agus lámhleabhair phleanála roimhe seo. Ag teacht leis an gcleachtas idirnáisiúnta reatha, tá an téarma "teicneolaíochtaí digiteacha" in úsáid anois de rogha ar an téarma "TFC". Déanann an fhoghlaim dhigiteach tagairt do na teicneolaíochtaí digiteacha a chur i bhfeidhm sna cleachtais foghlama, teagaisc agus measúnaithe i scoil. Tá liosta na dteicneolaíochtaí digiteacha ag forbairt de shíor, agus tá an fhéidearthacht iontu tacú le raon gníomhaíochtaí ar fud na scoile.

Is féidir teicneolaíochtaí digiteacha a shainmhíniú mar uirlisí, córais, gléasanna agus acmhainní leictreonacha ina ndéantar sonraí a ghiniúint, a stóráil nó a phróiseáil. San áireamh anseo tá na meáin shóisialta, cluichí ar líne agus feidhmchláir, na hilmheáin, feidhmchláir táirgiúlachta, néalríomhaireacht, córais chomh-inoibritheacha agus gléasanna móibíleacha.[3] An aidhm taobh thiar den Chreat FD ná na teicneolaíochtaí digiteacha a chur i bhfeidhm i ngnáthshaol laethúil na scoile, chun tacú leis an ***Teagasc agus an Fhoghlaim*** chomh maith leis an *gCeannaireacht agus Bainistíocht.*

Is é is Foghlaim Dhigiteach ann aon chineál foghlama a dhéanann teicneolaíochtaí digiteacha nó cleachtas teagascach a éascú a bhaineann úsáid

3. Cad iad na teicneolaíochtaí digiteacha? https://www.education.vic.gov.au/school/teachers/teachingresources/digital/Pages/teach.aspx#:~:text=Digital%20technologies%20are%20electronic%20tools,of%20learning%20that%20uses%20technology.

éifeachtach as an teicneolaíocht.[4] Rinne daoine eile cur síos uirthi mar "an fhoghlaim a dhéanann teicneolaíocht dhigiteach a éascú ina dtugtar gné éigin den smacht do na scoláirí ar an am, ar an áit, ar an gcosán agus/nó ar an luas".[5] Dá bhrí sin, is coincheap ilghnéitheach é agus ceann a athraíonn ag brath ar na teicneolaíochtaí digiteacha atá in úsáid agus ar an gcomhthéacs foghlama a bhaineann leis.

Uaireanta breathnaítear ar úsáid na dteicneolaíochtaí digiteacha i scoileanna mar rud sa bhreis, gníomhaíocht ina mbíonn foghlaimeoirí rannpháirteach lasmuigh dá ngníomhaíochtaí scoile rialta. Sa Straitéis Dhigiteach leagtar an bhéim ar an ngá atá ann na teicneolaíochtaí digiteacha a chur i bhfeidhm san fhoghlaim, teagasc agus measúnú agus luaitear ann go mbeifear ag súil le gach múinteoir a leithéid a dhéanamh amach anseo.

Is féidir leis an bhfoghlaim dhigiteach:

- Eispéireas na bhfoghlaimeoirí a dhéanamh níos tarraingtí agus foghlaim dhomhain a chothú;
- Cuidiú le foghlaimeoirí smacht a ghlacadh ar an suíomh foghlama, e.g. tríd an luas a chur in oiriúint do gach duine nuair a thugtar isteach ábhar nua, nó trí aiseolas láithreach a chur ar fáil ar cé chomh maith agus atá ag éirí leo ag foghlaim;
- Tacú leis an gcomhfhoghlaim, a thugann deiseanna don fhoghlaim dhomhain trí na foghlaimeoirí a fháil le coincheapa nua a d'fhoghlaim siad a 'theagasc' lena chéile, agus caidreamh a dhéanamh le scoláirí agus múinteoirí eile i dtíortha éagsúla;[6]
- Foghlaimeoirí a chur ar a gcumas le coincheapa a thuiscint níos tapúla agus níos iomláine, leis an teoiric a cheangal leis an bhfeidhm níos inniúla, agus le dul i mbun foghlama níos fonnmhaire;
- Feabhas a chur ar na cuir chuige teagaisc, a chumasaíonn comhchruthú an eolais agus ag an am céanna cruthú fairsing na mbealaí nuálacha a éascú leis an eolas a chruthú agus a roinnt
- Bealaí nua foghlama a éascú agus féidearthachtaí a chruthú a théann thar theorainneacha ár samhlaíochta reatha.[7]

Príomhscileanna a fhorbairt chun cuidiú le daoine óga a bheith mar smaointeoirí gafa, go maith ag réiteach fadhbanna mar fhoghlaimeoirí gníomhacha, cumarsáidithe oilte, agus cruthaitheoirí eolais.

4. Ibid
5. Sainmhíniú ó Digital Learning Now! Agus Scoil Fhíorúil Florida
6. An Fhoghlaim Dhigiteach i Scoileanna, http://oecdobserver.org/news/fullstory.php/aid/4655/Digital_learning_in_schools. html
7. Oifig Foghlama Digití MIT, https://odl.mit.edu/value-digital-learning

D'fhéadfadh sé nach mbaintear úsáid as teicneolaíochtaí digiteacha ach amháin ar bhealaí teoranta, uaireanta in ionad teicneolaíocht atá níos sine a úsáid. Mar shampla, d'fhéadfadh scoil gléas táibléid a úsáid in ionad leabhair agus gan leas iomlán a bhaint as cumhacht an ghléis riamh chun athrú ó bhonn a dhéanamh ar chleachtais foghlama, teagaisc agus measúnaithe.[8] Sa Straitéis Dhigiteach luaitear, díreach toisc go bhfuil teicneolaíochtaí digiteacha ann, nach ndéantar an fhoghlaim dhigiteach a éascú agus go bhfuil tacaíocht á lorg ag múinteoirí agus ceannairí scoile ar an gcaoi is fearr le teicneolaíochtaí digiteacha a úsáid lena bhfoghlaimeoirí. San fhoghlaim dhigiteach, i gcomhréir leis na leasuithe níos leithne sa chóras oideachais, déantar iarracht tacú le múinteoirí bogadh ó theicneolaíochtaí digiteacha a úsáid chun tacú le straitéisí foghlama a dhíríonn ar an múinteoir go dtí cuir chuige atá níos tairbhí. Sna Treoirlínte um Pleanáil FD, cuirtear próiseas ar fáil do scoileanna le hathbhreithniú a dhéanamh ar na cleachtais FD atá acu faoi láthair, ionas gur féidir leo cur leis an bhfoghlaim le himeacht ama.

Samplaí de na cleachtais FD a d'fhéadfadh bheith ann ná:

- Rannpháirtíocht i dtuiscint an fhoghlaimeora roimhe seo;
- Rannpháirtíocht ghníomhach an fhoghlaimeora sa phróiseas foghlama;
- Deiseanna don fhoghlaimeoir le cinntí a dhéanamh a mbíonn tionchar acu ar chúrsa na gníomhaíochta foghlama ina dhiaidh sin;
- Leibhéal ard idirghníomhaíochta agus malartaithe smaointe idir foghlaimeoirí.[9]
- Úsáid ríomhfhillteán chun tacú leis an gcomhfhoghlaim, leis an gcómheasúnú agus leis an gcómhachnamh.

Ar an gcaoi seo, déanann an fhoghlaim dhigiteach úsáid ghníomhach na dteicneolaíochtaí digiteacha a dhéanann múinteoirí agus foghlaimeoirí i scoileanna a chur chun cinn. Sna ráitis chleachtais atá sa Chreat FD, léirítear raon cleachtas FD chun cuidiú le scoileanna a gcleachtais féin a chur in iúl agus chun pleanáil a dhéanamh leis na teicneolaíochtaí digiteacha a chur i bhfeidhm sna cleachtais teagaisc agus foghlama agus sna cleachtais ceannaireachta agus bainistíochta chomh maith.

8. Samhail SAMR, http://hippasus.com/rrpweblog/archives/2015/10/SAMR_ABriefIntro.pdf
9. Straitéis Dhigiteach do Scoileanna 2015-2020, https://www.education.ie/ga/Foilseach%C3%A1in/Tuarasc%C3%A1lacha-Beartais/Straiteis-Dhigiteach-do-Scoileanna-2015-2020.pdf

## Creat Foghlama Digití

Ba chóir breathnú ar an gCreat FD mar áisitheoir den fhéinmhachnamh agus den fheabhas, agus ní mar sheicliosta uileghabhálach. Ba chóir é a úsáid ar bhonn roghnaitheach, agus ní gá gur chóir gach gné den Chreat FD a chur san áireamh in aon ghníomhaíocht fhéinmhachnamach nó mheastóireachta amháin.

Má chuirtear teicneolaíochtaí digiteacha i bhfeidhm sna cleachtais foghlama, teagaisc agus measúnaithe, tá baint acu le hábhair éagsúla, ranna agus cláir scoile éagsúla agus ní mór bheith ar an eolas faoi riachtanais, cumais agus leibhéil mhuiníne na múinteoirí uile i scoil sa phleanáil. Dá bhrí sin, tá sé tábhachtach tuairimí na múinteoirí a mheas i rith na tréimhse pleanála ionas go mbaintear leas as tuairimí phobal uile na scoile i bPlean FD na scoile.

Is rímhinic a leagtar an iomarca béime sa phleanáil foghlama digití ar cheisteanna maidir le cén teicneolaíocht ba chóir dúinn a cheannach nó a úsáid lenár bhfoghlaimeoirí (*an Cad*), sula mbreathnaítear ar conas a d'fhéadfaí na huirlisí seo a úsáid i suíomh foghlama (*an Conas*). Ach, i ngach pleanáil foghlama digití, ba chóir tosú agus fiafraí cén fáth a bhfuilimid ag baint úsáid as teicneolaíocht dhigiteach (*an Cén Fáth*) agus conas a ligfidh sí dúinn na heispéiris foghlama a dhearadh a thacaíonn le foghlaimeoirí na torthaí foghlama atá ag teastáil a bhaint amach. Má dhírítear ar an cheist *Cén Fáth* ar dtús, ligeann sé seo do scoileanna breathnú ar an gcaoi is fearr le heispéiris foghlama a dhearadh a fhreastalóidh ar riachtanais a bhfoghlaimeoirí agus cén ról, más ann dóibh, a d'imreodh na teicneolaíochtaí digiteacha sna heispéiris seo.

Agus freagra tugtha ar an gceist seo is féidir leo bogadh ar aghaidh ansin go dtí na ceisteanna *Cad* agus *Conas*.

Is uirlis sholúbtha í an Creat FD agus is féidir leis an scoil nó na múinteoirí sa scoil úsáid a bhaint as ar bhealaí éagsúla. Tá an Creat FD deartha:

- Chun cuidiú le hullmhacht a chur chun cinn le haghaidh curaclam nua, teagaisc agus foghlama níos fearr agus rannpháirtíochta na scoláirí agus úsáid na n-oideolaíochtaí a dhíríonn ar scoláirí.
- Le bheith in úsáid ag múinteoirí aonair, nó grúpaí múinteoirí mar uirlis phleanála, chun pleanáil agus machnamh a dhéanamh ar a gcleachtais laethúla teagaisc agus foghlama, ag gach leibhéal agus trí na réimsí uile den churaclam.

- Chun cuidiú le scoileanna réasúnaíocht shoiléir a fhorbairt leis na teicneolaíochtaí digiteacha a chur i bhfeidhm sa teagasc agus san fhoghlaim agus le cur le pleanáil an bhonneagair.
- Chun cuidiú le scoileanna agus le múinteoirí aonair a riachtanais Forbartha Gairmiúla Leanúnaí (FGL) a aithint, agus a phleanáil le tabhairt fúthu sa réimse seo agus dá bharr chun cuidiú leis an Roinn agus leis na seirbhísí tacaíochta freastal níos fearr a dhéanamh ar na riachtanais seo.
- Sa liosta seo a leanas, cé nach liosta iomlán é, tugtar léiriú éigin ar na bealaí ina bhféadfaí an Creat FD a úsáid.

### *Leibhéal na Scoile Uile*

– D'fhéadfadh an scoil cinneadh a dhéanamh díriú ar úsáid iomlán na dteicneolaíochtaí, chun a fháil amach an chaoi ina bhfuil siad in úsáid faoi láthair agus chun réimsí feabhais a aithint.

– D'fhéadfadh an scoil athbhreithniú a dhéanamh ar an gCreat FD iomlán ar dtús, agus ina dhiaidh sin caighdeáin éagsúla a aithint le díriú orthu.

– D'fhéadfadh an scoil cinneadh a dhéanamh chun úsáid a bhaint as an gCreat FD chun cur leis an bpróiseas FMS. D'fhéadfadh scoileanna díriú ar réimse curaclam nó ar ghné den teagasc agus den fhoghlaim ar mian leo iniúchadh a dhéanamh orthu agus cuideoidh an Creat FD le hathbhreithniú a dhéanamh ar úsáid na dteicneolaíochtaí digiteacha sa réimse seo.

### *Réimse ábhair/Roinn Ábhair (Iar-bhunscoil)*

– D'fhéadfadh an Roinn Ábhair athbhreithniú a dhéanamh ar a gcleachtais FD reatha ag baint úsáid as an gCreat FD.

– D'fhéadfaí gnéithe den Chreat a úsáid, in éineacht le samplaí cleachtais ábhartha[10] chun an machnamh a éascú.

– Agus athbhreithniú déanta ar a cleachtas, ansin dhéanfadh an roinn ábhair plean a fhorbairt chun cur lena cleachtais FD.

### *Leibhéal Ranga (Bunscoil)*

– Ag an leibhéal bunscoile, d'fhéadfadh múinteoirí i rang ar leith athbhreithniú a dhéanamh ar an gcaoi ina n-úsáideann siad agus a

bhfoghlaimeoirí teicneolaíochtaí digiteacha.

- D'fhéadfaí gnéithe den Chreat FD a úsáid, in éineacht le samplaí cleachtais, chun an machnamh a éascú.
- D'fhéadfadh múinteoirí díriú ar an úsáid a bhaineann siad as teicneolaíochtaí digiteacha i réimse curaclaim d'fhonn a gcleachtais FD a fheabhsú.

### *Leibhéal Cláir*

- D'fhéadfadh scoil úsáid a bhaint as an gCreat chun athbhreithniú a dhéanamh ar chlár (e.g. an Idirbhliain, CSSS agus GCAT) laistigh den scoil chun a fháil amach an chaoi ina ndéanann siad teicneolaíochtaí digiteacha a chur i bhfeidhm laistigh den chlár.
- Agus athbhreithniú déanta ar a gcleachtais, ansin dhéanfadh múinteoirí réimsí a aithint ina gcuirfidís lena gcleachtais FD.

### *Leibhéal Traschuraclaim*

- D'fhéadfadh scoil díriú ar ról na dteicneolaíochtaí digiteacha laistigh de na réimsí traschuraclaim (e.g. litearthacht, uimhearthacht, OSCE, Ealaín, STEM, folláine, cuimsiú).
- B'fhéidir go mbeadh uimhearthacht roghnaithe ag an scoil mar a fócas FMS agus anois b'fhéidir go roghnóidh siad conas is féidir le teicneolaíochtaí digiteacha cuidiú le tacú le haidhmeanna agus cuspóirí uimhearthachta na scoile ar an iomlán.
- D'fhéadfadh múinteoirí athbhreithniú a dhéanamh ar a gcleachtais FD trí dhá réimse ábhair nó níos mó ag baint úsáid as an gCreat.

### *Foghlaim Ghairmiúil Múinteoirí*

- D'fhéadfadh múinteoirí aonair nó grúpaí múinteoirí úsáid a bhaint as an gCreat chun machnamh a dhéanamh ar a gcleachtas féin. D'fhéadfaidís an cleachtas seo a roinnt lena bpiaraí nó trí phobail cleachtais chun tuilleadh a fhoghlaim.
- Sa Chreat cuirtear sraith ráiteas cleachtais ar fáil ina ligtear do mhúinteoirí machnamh a dhéanamh ar a gcleachtas gairmiúil féin.
- D'fhéadfadh múinteoirí plean foghlama gairmiúla aonair nó le haghaidh grúpaí a chruthú ansin chun a gcleachtais FD a fheabhsú.

Dá bhrí sin, is féidir le scoileanna úsáid a bhaint as an gCreat Foghlama Digití ar bhealaí éagsúla, agus tá siad ar fad ag díriú ar athbhreithniú a dhéanamh ar na cleachtais FD reatha d'fhonn cleachtais amach anseo a fheabhsú.

## An Timthriall Pleanála um Fhoghlaim Dhigiteach

Rinneadh na treoirlínte seo a dhearadh chun próiseas agus sraith príomhcheisteanna a chur ar fáil lena meas nuair atá an réimse/na réimsí agus an caighdeán/na caighdeáin á n-aithint acu laistigh den Chreat FD ar a mbeidh siad ag díriú lena bPlean FD a chruthú. Agus í ag tabhairt faoin timthriall seo, beidh scoil in ann athbhreithniú a dhéanamh ar a gcleachtais FD agus Plean FD a chruthú ina dtugtar breac-chuntas ar an úsáid a bhaineann sí as na teicneolaíochtaí digiteacha faoi láthair agus ar conas atá i gceist aici a cleachtais a fheabhsú amach anseo. Táthar ag súil go gcruthóidh gach scoil Plean FD mar atá leagtha amach sa Straitéis Dhigiteach.




*Fíor 2: An Timthriall Pleanála um Fhoghlaim Ghairmiúil*

Tá sé chéim i gceist sa Timthriall Pleanála FD. Is ionann na sé chéim agus an próiseas a úsáideann scoileanna nuair a bhíonn siad i mbun FMS. Sna sé chéim cuirtear próiseas ar fáil do scoileanna agus do mhúinteoirí aonair le dul ina bhun nuair a bhíonn siad ag déanamh athbhreithniú ar phlean agus á chur le chéile chun a gcleachtais FD a fheabhsú. Ba chóir a nótáil gur chóir go mbeadh an próiseas ina bhfuil sé chéim curtha i bhfís chomhaontaithe don fhoghlaim dhigiteach laistigh de scoil. Tá sé tábhachtach go gcaitheann scoil am ag breathnú ar cén fhís a bheadh aici don fhoghlaim dhigiteach, sula dtosaíonn sí ar an bpróiseas ina bhfuil sé chéim.

Cuirfimid léargas ag ardleibhéal ar fáil de na sé chéim sa chuid seo sula rachfar isteach níos mine ar gach céim ina dhiaidh sin. Is iad na chéad trí chéim an chéim fiosraithe agus díríonn céimeanna 4 go 6 ar an bPlean FD a chruthú, a chur i bhfeidhm agus meastóireacht a dhéanamh air. Ba chóir breathnú air seo mar phróiseas atriallach atá in ann cuidiú le scoileanna nó le múinteoirí aonair lena gcleachtais FD a fheabhsú.

## Céim 1: Aimsigh an fócas

Ba chóir don scoil[10] í féin a chur ar an eolas faoin gCreat FD ar dtús. Agus athbhreithniú déantar ar na réimsí agus ar na caighdeáin, ba chóir don scoil an caighdeán/na caighdeáin a aithint ar mian léi díriú air/orthu. Ní mholtar do scoil díriú ar an 32 caighdeán ar fad, ach ina ionad sin foshraith a aithint a bhaineann leis an scoil.

## Céim 2: Bailigh Fianaise

Agus a fócas foghlama digití aitheanta aici, breathnaíonn an scoil go cúramach ar na caighdeáin agus ráitis chleachtais ón réimse atá roghnaithe aici agus tosaíonn sí ag bailiú fianaise a léiríonn an leibhéal ag a bhfuil an scoil ag feidhmiú faoi láthair. Cé go bhfuil sé curtha in iúl sa Chreat FD cén chuma a bheadh ar chleachtas "éifeachtach" nó "an-éifeachtach" do gach caighdeán, d'fhéadfadh an scoil cinneadh a dhéanamh nach bhfuil siad ag feidhmiú go fóill ag ceachtar den dá leibhéal seo. Ba chóir don fhianaise a bailíodh cur leis an mbreithiúnas seo. Is féidir leis an bhfianaise bheith cainníochtúil agus cáilíochtúil, atá bailithe ó réimse foinsí ina bhfuil múinteoirí, scoláirí, tuismitheoirí, an bhainistíocht, seomraí ranga agus foinsí eile iomchuí i gceist.

## Céim 3: Déan Anailís agus Breithiúnais

Agus sonraí bailithe ó réimse foinsí, déanann an scoil anailís ar an eolas agus déantar é a thagarmharcáil i gcoinne na ráiteas cleachtais a bhfuil meastóireacht á déanamh orthu. Agus an fhianaise riachtanach ar fad bailithe, ansin tagann an scoil ar chinntí agus déanann sí breithiúnais maidir le conas a dhéantar comparáid idir na cleachtais atá ann cheana féin agus na ráitis chleachtais éifeachtach agus an-éifeachtach sa Chreat FD. Ba chóir do scoileanna úsáid a bhaint as na ráitis seo mar thagarmharc le breithiúnas a dhéanamh ar a bhfeidhmíocht féin agus chun a fháil amach faoina

10. Cé go ndéanann an doiciméad seo tagairt do scoileanna, is féidir le múinteoir aonair nó grúpa múinteoirí tabhairt faoin timthriall seo.

láidreachtaí agus go bhfuil gnéithe dá gcuid oibre nach mór a fheabhsú nó forbairt a dhéanamh orthu.

## Céim 4: Scríobh agus Roinn Plean Foghlama Digití

Agus anailís déanta ar na sonraí agus sraith breithiúnas déanta maidir lena cleachtais foghlama digití, cruthaíonn an scoil a Plean FD. Ba chóir go gcuirfeadh an plean bunús ar fáil le haghaidh plé agus machnaimh i measc múinteoirí, na bainistíochta agus daoine eile ó thaobh ról na dteicneolaíochtaí digiteacha sa réimse fócais roghnaithe.

Tá dhá chuid i gceist sa Phlean Foghlama Digití:

- I gCuid 1 cuirtear an fhís in iúl maidir le húsáid na dteicneolaíochtaí foghlama digití agus tugtar breac-chuntas ar an suíomh reatha maidir leis an bhfoghlaim dhigiteach.
- I gCuid 2 déantar cur síos ar conas a dhéanfar na cleachtais FD a fheabhsú thar thréimhse ama shonraithe.
- Ba chóir go mbeadh gníomhú ann mar thoradh ar an timthriall pleanála um Fhoghlaim Dhigiteach. Agus a plean FD á fhorbairt aici, ní mór don scoil cinneadh a dhéanamh maidir leis na spriocanna ar leith, intomhaiste, inbhainte amach, réadúil agus teoranta ó thaobh ama de)[11] le bheith in ann feabhsú.

Is mar chuid den chuid forbartha de phlean na scoile uile é an Plean FD agus ba chóir go mbeadh sé curtha ar fáil do na baill foirne uile agus do phobal na scoile uile.

## Céim 5: Cuir an plean Foghlama Digití i ngníomh

Agus Plean FD cruthaithe aici ba chóir don scoil tosú leis na gníomhartha aitheanta a chur i bhfeidhm. Ba chóir go mbeadh an pearsanra iomchuí uile ar an eolas faoi na gníomhartha nach mór bheith ar siúl ag leibhéal an mhúinteora aonair, an ranga, na roinne ábhair agus na scoile uile. Ba chóir go mbeadh na gníomhartha seo mar chuid den ghnáthphróiseas teagaisc agus foghlama.

11. Treoirlínte FMS ROS maidir le spriocanna SMART a leagan síos, monatóireacht a dhéanamh orthu agus iad a bhaint amach

### Céim 6: Déan monatóireacht ar ghníomhartha agus déan meastóireacht ar an tionchar

Ní mór monatóireacht a dhéanamh ar na gníomhartha ar bhonn leanúnach le meastóireacht a dhéanamh ar an tionchar a bhíonn acu ar na cleachtais foghlama, teagaisc agus measúnaithe. Beidh ar an scoil cinneadh a dhéanamh fúthu seo a leanas:

- Conas a eagrófar agus a dhéanfar an mhonatóireacht
- Cé a bheidh freagrach as an monatóireacht[12]
- Conas a dhéanfar an dul chun cinn a shocrú agus a thuairisciú
- Cathain a dhéanfar an dul chun cinn a thuairisciú agus cé chuige a ndéanfar é a thuairisciú (mar shampla ag cruinniú foirne, cruinnithe pleanála, cruinnithe boird)

Má tá na spriocanna agus gníomhartha réadúil nó más gá iad a athrú. Tá sé riachtanach go mbeidh ceannairí scoile agus múinteoirí rannpháirteach go gníomhach sa mhonatóireacht leanúnach agus córasach ar an bPlean FD.

Ba chóir go gcuirfeadh an fhianaise atá bailithe, mar thoradh ar an monatóireacht leanúnach, leis an gcéad chéim eile den Phlean FD agus tionchar a imirt air, nó b'fhéidir go mbeifí in ann gné nua den fhoghlaim dhigiteach a aithint ar a ndíríonn an scoil dá bharr. Ar deireadh, is é an sprioc ná go ndéanfaidh an scoil a cleachtais FD a fheabhsú i ngach réimse de shaol na scoile agus ba chóir go mbeadh sé seo mar ghníomhaíocht leanúnach.

## Ag Tosú Amach (Leibhéal na Scoile Uile)

Nuair atá Plean FD á fhorbairt ag leibhéal na scoile uile tá gá le dhá réamhghníomhaíocht.

1. Fís a fhorbairt don Fhoghlaim Dhigiteach i do Scoil
2. Foireann Foghlama Digití a bhunú (Foireann FD)

Ba chóir a thabhairt faoi deara nach gá go dtarlódh an dá chéim seo san ord seo, ach an rud atá tábhachtach ná go mbíonn an deis ag an scoil ar fad ionchur a bheith aici i bplean FD a chruthú agus i scoileanna móra, go gcuirtear foireann le chéile chun cruthú Plean FD a threorú.

12. I scoil mhór, d'fhéadfaí foireann a chur le chéile chun monatóireacht a dhéanamh ar an bPlean Foghlama Digití agus i scoil bheag d'fhéadfadh múinteoir aonair maoirseacht a dhéanamh ar an bpróiseas seo.

Má bhíonn foireann thiomanta agus fís shoiléir agat cuideoidh sé seo leat bunús láidir a chur ar fáil le do Phlean FD a chruthú agus a chur i bhfeidhm.

## Foireann Foghlama Digití á Cur i nGníomh

Cé gur chóir go mbeadh pobal na scoile uile rannpháirteach agus Plean FD á chruthú, más féidir, d'fhéadfadh scoil Foireann FD a chur le chéile leis an bpróiseas a threorú. Ba chóir go mbeadh ionadaithe ó ghrúpa ionadaíoch de phobal na scoile san fhoireann seo agus ba chóir go mbeadh múinteoirí a úsáideann teicneolaíochtaí digiteacha go rialta agus múinteoirí nach n-úsáideann iad, bainteach léi. Más féidir, ba chóir go mbeadh meascán de mhúinteoirí san fhoireann as leibhéil ranga éagsúla i mbunscoileanna, agus as réimsí ábhair (ar nós na daonnachtaí, eolaíochtaí agus ábhair phraiticiúla) i gcás na n-iar-bhunscoileanna. Ba chóir go ndéanfadh an fhoireann comhordú ar an bpróiseas leis an bplean a fhorbairt agus ag an am céanna a chinntiú go mbíonn deis ag an bhfoireann uile le bheith rannpháirteach nuair a dhéantar é a chruthú.

## Fís á Forbairt don Fhoghlaim Dhigiteach

Ba chóir do scoileanna fís a fhorbairt don Fhoghlaim Dhigiteach agus ba chóir go ndéanfadh an Straitéis Dhigiteach do Scoileanna agus an Creat Foghlama Digití eolas don fhís.

Is é seo a leanas fís na Roinne don fhoghlaim dhigiteach:

- Féidearthacht na dteicneolaíochtí digiteacha a thuiscint leis an teagasc, foghlaim agus measúnú a fheabhsú ionas go mbeidh daoine óga na hÉireann mar smaointeoirí gafa, foghlaimeoirí gníomhacha, cruthaitheoirí eolais agus saoránaigh dhomhanda le bheith rannpháirteach go hiomlán sa tsochaí agus sa gheilleagar.

Déantar an fhís seo a fhorbairt tuilleadh sa Chreat FD ina léirítear sna ráitis chleachtais an fhoirm a d'fhéadfadh bheith ar an bhfís agus conas a d'fhéadfaí í a rith i scoileanna. Sa Straitéis Dhigiteach deirtear gur chóir do scoileanna:

- Ról ceannaireachta a ghlacadh sa phleanáil maidir le conas a chuirfidh siad na teicneolaíochtaí digiteacha i bhfeidhm go héifeachtach sna cleachtais foghlama, teagaisc agus measúnaithe. Ciallaíonn sé seo go mbeidh pobal uile na scoile rannpháirteach i

bPlean FD a fhorbairt ina gcuirtear riachtanais foghlama gairmiúla na múinteoirí san áireamh, chomh maith le tuairimí agus léargais na scoláirí agus na dtuismitheoirí/gcaomhnóirí.

Agus an fhís á forbairt, ba chóir na féidearthachtaí seo a leanas a chur san áireamh d'fhoghlaimeoirí, múinteoirí agus don scoil.

An chaoi a n-úsáidfeadh foghlaimeoirí teicneolaíochtaí digiteacha:

- Chun cineálacha foghlama agus comhoibrithe nua a chruthú chun tacú le bealaí éagsúla foghlama.
- Chun áthas, sásamh, paisean agus rath a mhothú ina n-oideachas agus ina bhfoghlaim ar feadh an tsaoil.
- Le bheith rannpháirteach go gníomhach san fhoghlaim – laistigh agus lasmuigh den scoil araon.
- Chun seilbh a ghlacadh ar a gcuid foghlama – a chlúdaíonn an cumas le bheith mar fhoghlaimeoir féinstiúrtha, mar dhuine a dhéanann cinntí, agus mar bhainisteoir na dtosaíochtaí laistigh agus lasmuigh den scoil.
- Spriocanna foghlama pearsanta a bhaint amach agus rath a bheith orthu i ngníomhaíochtaí foghlama éagsúla. An chaoi a mbainfeadh múinteoirí úsáid as teicneolaíochtaí digiteacha:
- Le ról níos éascaithí a ghlacadh, treoir agus aiseolas a sholáthar atá dírithe ar an bhfoghlaimeoir, agus páirt a ghlacadh níos minice i ngníomhaíochtaí taiscéalaíocha agus neartaithe foirne le foghlaimeoirí.
- Chun tacú le próiseas fiosraithe agus foghlaimeoirí a chur ar a gcumas le hobair a dhéanamh ar fhadhbanna casta a bhaineann leis an bhfíorshaol a réiteach trí bheith rannpháirteach i ngníomhaíochtaí foghlama comhoibríocha bunaithe ar thionscadail a théann níos faide ná an seomra ranga.
- Chun tacú le foghlaimeoirí cruthú agus bheith nuálach ionas go mbeidh siad i mbun a spriocanna agus gníomhaíochtaí foghlama féin a bhainistiú.
- Chun seilbh a ghlacadh ar a bhfoghlaim ghairmiúil féin agus, más cuí, pobail foghlama a bhaineann úsáid fhairsing as an teicneolaíocht a fhorbairt agus bheith rannpháirteach iontu.

An chaoi a mbainfeadh scoileanna úsáid as teicneolaíochtaí digiteacha:

- Chun beartais agus cleachtais a fhorbairt i dtaca le húsáid shábháilte agus eiticiúil na dteicneolaíochtaí digiteacha ag gach ball de phobal na scoile.
- Chun an caidreamh atá acu leis an bpobal i gcoitinne, go háitiúil agus ar fud an domhain, a neartú, agus teagmháil níos mó a bheith acu le tuismitheoirí/caomhnóirí agus scoláirí ina dteaghlaigh trí úsáid na dteicneolaíochtaí digiteacha.
- Chun tacú leis an gcuimsiú agus le riachtanais foghlama aonair na scoláirí uile.
- Chun tacú leis an bhfís atá ann faoi láthair do na cleachtais foghlama, teagaisc agus measúnaithe laistigh den scoil.

Nuair a dhéantar an fhís a fhorbairt, ba chóir í a roinnt le pobal na scoile uile (na forais ionadaíocha scoláirí agus tuismitheoirí san áireamh) agus ba chóir am a ghlacadh chun í a mheas agus tuilleadh mionathruithe a dhéanamh uirthi, más gá. Ba chóir go mbeadh an fhís ag teacht le fís na scoile don fhoghlaim, teagasc agus measúnú i sochaí chomhaimseartha san 21ú haois.

**TORADH**

- Tá fís don fhoghlaim dhigiteach curtha i gcrích ag an scoil.
- Tá Foireann FD bunaithe ag an scoil leis an bpróiseas pleanála a éascú.

## Ag Tosú Amach (comhthéacsanna pleanála eile)

Agus a fís comhaontaithe agus foireann curtha le chéile tá an scoil réidh le dul i mbun an phróisis phleanála FD. Tá an Próiseas ina bhfuil Sé Chéim mar bhonn agus mar thaca ag an bpróiseas pleanála FD, mar a bheadh sé d'aon chomhthéacs pleanála laistigh den scoil. Mar a luadh roimhe seo, cé go ndéantar tagairt don scoil tríd an doiciméad seo, is féidir an próiseas pleanála FD a úsáid i raon comhthéacsanna scoile ar nós:

## Roinn Ábhair

- Déanann Roinn na Matamaitice cinneadh ar athbhreithniú a dhéanamh ar an gcaoi a n-úsáidtear teicneolaíochtaí digiteacha chun tacú le foghlaim scoláirí agus cuireann sí na sé chéim i bhfeidhm chun an t-athbhreithniú a threorú.

## Leibhéal Ranga

- Déanann grúpa múinteoirí Rang 5 cinneadh díriú ar an gcaoi a n-úsáideann siad teicneolaíochtaí digiteacha lena bhfoghlaimeoirí faoi láthair agus úsáideann siad na sé chéim chun an t-athbhreithniú a threorú.

## Múinteoir Aonair

- Déanann múinteoir cinneadh athbhreithniú a dhéanamh ar a c(h) leachtais ag baint úsáid as teicneolaíocht dhigiteach le foghlaimeoirí. Baineann sé/sí úsáid as an gCreat FD agus na sé chéim chun an t-athbhreithniú a threorú.
- Déanann scoil cinneadh díriú ar fhadhbanna a réiteach mar chuid dá fócas teagaisc agus foghlama laistigh dá gníomhaíochtaí FMS. I gcomhréir leis an athbhreithniú ar fhadhbanna a réiteach déanann sí athbhreithniú freisin ar an gcaoi a n-úsáideann sí teicneolaíochtaí digiteacha faoi láthair chun scileanna réiteach fadhbanna foghlaimeoirí a fhorbairt. Tá an t-athbhreithniú faoi threoir an Phróisis ina bhfuil Sé Chéim.

Dá bhrí sin, is sraith céimeanna chineálach é an Próiseas ina bhfuil Sé Chéim agus is féidir é a úsáid le haon athbhreithniú ar chleachtais a threorú laistigh den scoil. Sa phróiseas, déantar athbhreithniú ar chleachtais foghlama digití a threorú, aithnítear réimsí inar féidir an cleachtas a fheabhsú agus ar deireadh déantar torthaí an fhoghlaimeora a fheabhsú.

**TORADH**

- Tá fís don fhoghlaim dhigiteach curtha i gcrích ag an scoil.
- Tá múinteoirí aonair nó grúpaí múinteoirí á n-éascú ag an scoil le hathbhreithniú a dhéanamh ar a gcleachtas foghlama digití ag baint úsáid as an gCreat FD agus an Próiseas ina bhfuil Sé Chéim le Plean FD le haghaidh feabhsúcháin a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm.

# Céim 1: Aimsigh an Fócas

Agus iad ag tabhairt faoin gCreat FD, ba chóir do scoileanna a spriocréimse/ spriocréimsí riachtanais a aithint. Cé go mbíonn comhthéacsanna éagsúla ag scoileanna, agus cé go mbeidís ag céimeanna forbartha éagsúla ó thaobh an úsáid a bhaineann siad as teicneolaíochtaí digiteacha, ba chóir do gach scoil tosú agus an cheist a chur ***"cé chomh maith agus atá ag éirí linn?"***. Ar deireadh, ba chóir úsáid na dteicneolaíochtaí digiteacha laistigh de scoil cur le torthaí foghlaimeoirí, eispéiris foghlama agus cleachtas múinteoirí. Dá bhrí sin, ba chóir don scoil an fócas den athbhreithniú ar na cleachtais FD laistigh dá scoil a aimsiú.

### Sa Chreat FD tugtar breac-chuntas ar na nithe seo a leanas:

- 32 caighdeán cáilíochta thar dhá phríomhghné de shaol na scoile: *Teagasc agus Foghlaim agus Ceannaireacht agus Bainistíocht*
- Ráitis chleachtais do gach ceann den 23 caighdeán cáilíochta a dhéanann cur síos ar chleachtais FD éifeachtacha agus an-éifeachtach.

Cé gur luamar cheana féin gurb é príomhchuspóir na dTreoirlínte ná Plean Foghlama Digití a fhorbairt, is fiú a lua gur féidir le scoileanna an Creat FD a úsáid ar bhealaí éagsúla chun a bhfócas a aimsiú.

## SAMPLA

Tá teicneolaíochtaí digiteacha in úsáid ag scoil ar feadh na mblianta fada agus bíonn rochtain shuntasach ag a bhfoghlaimeoirí ar raon uirlisí agus gníomhaíochtaí digiteacha. Agus an Creat FD léite ag an scoil, cinneann sí go mbeidh a fócas ar eispéiris a bhfoghlaimeoirí maidir le teicneolaíochtaí digiteacha a úsáid agus cé chomh rannpháirteach, nó eile, atá siad ina leithéid gníomhaíochtaí foghlama.

Dá bhrí sin, tá an fócas ar rannpháirtíocht foghlaimeoirí nuair a bhíonn teicneolaíochtaí digiteacha in úsáid. Ansin, aimsíonn an scoil an caighdeán/ na caighdeáin a bhaineann le rannpháirtíocht foghlaimeoirí agus aimsíonn siad na ráitis chleachtais a ndéanfaidh sí athbhreithniú orthu.

| RÉIMSE 1: TORTHAÍ D'FHOGHLAIMEOIRÍ | | |
|---|---|---|
| **CAIGHDEÁIN** | **RÁITIS AR CHLEACHTAS ÉIFEACHTACH** | **RÁITIS AR CHLEACHTAS AN-ÉIFEACHTACH** |
| **Baineann daltaí taitneamh as a gcuid foghlama, bíonn siad an-tiomanta i leith na foghlama agus bíonn siad ag súil le spriocanna a bhaint amach mar fhoghlaimeoirí** | Úsáideann na daltaí teicneolaíochtaí digiteacha cuí chun rannpháirtíocht ghníomhach a chothú le torthaí foghlama cuí a bhaint amach.<br><br>Úsáideann na daltaí teicneolaíochtaí digiteacha chun fianaise a bhailiú agus chun dul chun cinn a thaifeadadh. | Úsáideann na daltaí teicneolaíochtaí digiteacha cuí chun rannpháirtíocht ghníomhach, chruthaitheach agus chriticiúil a chothú le torthaí foghlama dúshlánacha a bhaint amach.<br>Úsáideann na daltaí teicneolaíochtaí digiteacha chun fianaise a bhailiú, chun dul chun cinn a thaifeadadh, chun measúnú agus machnamh a dhéanamh, agus chun réitigh agus/ nó táirgí nua a chruthú. |

Déanann an Fhoireann FD an plé a éascú maidir le fócas na scoile a aimsiú agus téitear i gcomhairle le gach ball foirne sula ndéantar an cinneadh deiridh. Sa chaoi seo, cuireann na baill foirne uile a n-ainm leis an bhFócas.

Chomh maith leis na caighdeáin iomchuí a aimsiú ón nGné Teagaisc agus Foghlama aimsíonn an scoil na ráitis chleachtais iomchuí freisin sa Phríomhghné Foghlama agus Teagaisc. Anseo, roghnaíonn an scoil na ráitis chleachtais a dhíríonn ar acmhainní daonna, fisiciúla

agus airgeadais na scoile a bhainistiú chun eagraíocht foghlama a chruthú agus a chothú. Roghnaíonn siad an caighdeán seo mar baineann sé go dlúth le húsáid na dteicneolaíochtaí digiteacha iomchuí i Réimse 1 thuas.

| | | |
|---|---|---|
| **Acmhainní daonna, fisiciúla agus airgeadais na scoile a bhainistiú chun eagraíocht foghlama a chruthú agus a chothú** | Cinntíonn an príomhoide agus ceannairí eile sa scoil go bhfuil próisis i bhfeidhm maidir le soláthar, cothabháil, idir-inoibritheacht agus slándáil an bhonneagair dhigitigh le haghaidh foghlaim, teagasc agus measúnú éifeachtach.<br><br>Cinntíonn an bord bainistíochta soláthar agus cothabháil acmhainní agus trealamh an teagaisc dhigitigh ar chaighdeán ard. | Déanann an príomhoide agus ceannairí eile sa scoil athbhreithniú, pleanáil agus maoirsiú straitéiseach ar sholáthar, cothabháil, idir-inoibritheacht agus slándáil an bhonneagair dhigitigh le haghaidh foghlaim, teagasc agus measúnú éifeachtach.<br><br>Cinntíonn an bord bainistíochta soláthar agus cothabháil acmhainní agus trealamh an teagaisc dhigitigh ar chaighdeán an-ard. |

Sa chaoi seo, roghnaíonn an scoil ráitis chleachtais ón dá ghné den Chreat FD a bhaineann lena fócas, rannpháirtíocht foghlaimeoirí. Ba chóir do scoileanna na ráitis chleachtais iomchuí a roghnú dá bhfócas ón dá ghné den Chreat FD.

Ag deireadh Chéim 1, tá an fócas aimsithe ag an scoil dá Plean FD agus tá sé pléite agus faofa ag foireann na scoile agus ag an mbord bainistíochta.

## TORADH ÓN gCÉIM SEO blue box here

- Tá an fócas maidir lena Plean FD aimsithe agus comhaontaithe ag an scoil.

# Céim 2: Bailigh Fianaise

Agus fócas aimsithe, is é an chéad chéim eile ná fianaise a bhailiú i dtaca leis an gcaighdeán nó an réimse atá roghnaithe agus athbhreithniú a dhéanamh ar chleachtais scoile atá ann cheana féin i gcoinne na ráitis chleachtais iomchuí éifeachtacha agus an-éifeachtach.

Tá sé tábhachtach fianaise a bhailiú ó réimse foinsí, múinteoirí, foghlaimeoirí agus tuismitheoirí san áireamh, agus ag an am céanna a chinntiú go bhfuil an fhianaise a bhailítear soláimhsithe, úsáideach agus go bhfuil fócas ag baint léi. Má bhailítear an iomarca eolais gan aon fócas, is féidir leis bheith fritorthúil.

D'fhéadfadh na nithe seo a leanas bheith san áireamh mar fhoinsí eolais tábhachtacha:

- Cleachtais foghlama, teagaisc agus measúnaithe i seomraí ranga agus i suíomhanna foghlama eile sa scoil
- An príomhoide, leas-phríomhoide agus múinteoirí
- Scoláirí agus tuismitheoirí
- Obair na scoláirí
- Pleanáil sa scoil agus doiciméid bheartais.

Ba chóir do scoileanna breathnú ar raon modhanna a úsáid chun eolas nó fianaise a bhailiú ar nós:

- Machnamh a dhéanamh ar na cleachtais foghlama, teagaisc agus measúnaithe
- Plé a dhéanamh le múinteoirí maidir leis an úsáid/easpa úsáid a bhaineann siad as teicneolaíochtaí digiteacha
- Tuairimí múinteoirí, tuismitheoirí agus scoláirí a spreagadh
- Teagasc foirne nó athbhreithniú gairmiúil comhoibríoch.

D'fhéadfadh na nithe seo a leanas bheith san áireamh mar uirlisí úsáideacha chun tacú le heolas a bhailiú:

- Ceistneoirí
- Suirbhéanna ar líne
- Fócasghrúpaí

- Seicliosta agus bileoga machnaimh
- Sceidil machnaimh/athbhreithnithe/breathnóireachta don teagasc agus foghlaim.

### Cur Chuige Molta

Tar éis breathnú ar an gCreat FD agus na ráitis chleachtais iomchuí a aimsiú ar mian léi athbhreithniú a dhéanamh orthu, ba chóir don Fhoireann FD breathnú ansin ar na cineálacha fianaise a d'fhéadfadh sí a bhailiú maidir le gach ráiteas cleachtais iomchuí.

### SAMPLA

Agus na ráitis chleachtais iomchuí a bhaineann le rannpháirtíocht foghlaimeoirí aimsithe ag an scoil, breathnaíonn sí ar cén fhianaise a d'fhéadfadh sí bailiú agus conas is féidir léi é seo a dhéanamh ar bhealach eiticiúil ina gcloítear lena treoirlínte um chosaint sonraí.

| RÉIMSE 1: TORTHAÍ D'FHOGHLAIMEOIRÍ | | |
|---|---|---|
| CAIGHDEÁIN | RÁITIS AR CHLEACHTAS ÉIFEACHTACH | RÁITIS AR CHLEACHTAS AN-ÉIFEACHTACH |
| **Baineann daltaí taitneamh as a gcuid foghlama, bíonn siad an-tiomanta i leith na foghlama agus bíonn siad ag súil le spriocanna a bhaint amach mar fhoghlaimeoirí** | Úsáideann na daltaí teicneolaíochtaí digiteacha cuí chun rannpháirtíocht ghníomhach a chothú le torthaí foghlama cuí a bhaint amach.<br>Úsáideann na daltaí teicneolaíochtaí digiteacha chun fianaise a bhailiú agus chun dul chun cinn a thaifeadadh. | Úsáideann na daltaí teicneolaíochtaí digiteacha cuí chun rannpháirtíocht ghníomhach, chruthaitheach agus chriticiúil a chothú le torthaí foghlama dúshlánacha a bhaint amach.<br>Úsáideann na daltaí teicneolaíochtaí digiteacha chun fianaise a bhailiú, chun dul chun cinn a thaifeadadh, chun measúnú agus machnamh a dhéanamh, agus chun réitigh agus/nó táirgí nua a chruthú. |

Déanann an scoil athbhreithniú ar na ráitis chleachtais i dtaca le cleachtas éifeachtach agus an-éifeachtach. Déanann an scoil na nithe seo a leanas a mheas:

- An úsáideann foghlaimeoirí teicneolaíochtaí digiteacha le rannpháirtíocht ghníomhach a chothú? [Éifeachtach] – má úsáideann, conas a dhéanann siad é seo?
  - Cén fáth agus cén chaoi a gcuireann múinteoirí úsáid na dteicneolaíochtaí digiteacha chun cinn chun tacú le rannpháirtíocht ghníomhach leis na torthaí foghlama iomchuí a bhaint amach?
  - Cad iad na teicneolaíochtaí a úsáideann foghlaimeoirí nuair a bhíonn siad rannpháirteach go gníomhach?
- An úsáideann foghlaimeoirí teicneolaíochtaí digiteacha chun fianaise a bhailiú agus an dul chun cinn a thaifeadadh? [Éifeachtach] – má úsáideann, conas a dhéanann siad é seo?
  - Cad é an cuspóir leis an fhianaise seo a bhailiú agus an dul chun cinn a thaifeadadh?
  - Cad iad na teicneolaíochtaí a úsáideann siad don chuspóir seo?
- An úsáideann foghlaimeoirí teicneolaíochtaí digiteacha chun a rannpháirtíocht ghníomhach, chruthaitheach agus chriticiúil a chothú le torthaí foghlaimeoirí a bhaint amach? [An-éifeachtach]
  - Cad é an leibhéal dúshláin a bhaineann leis na torthaí foghlaimeoirí seo de ghnáth?
  - Conas a úsáideann siad teicneolaíochtaí digiteacha chun na cineálacha éagsúla rannpháirtíochta a chothú?
  - Cad iad na teicneolaíochtaí digiteacha a úsáideann foghlaimeoirí de ghnáth nuair a bhíonn siad rannpháirteach ina leithéid gníomhaíochtaí?
- An úsáideann foghlaimeoirí teicneolaíochtaí digiteacha chun réitigh agus/nó táirgí nua a chruthú? [An-éifeachtach]
  - Má úsáideann, cad iad na cineálacha réiteach agus/nó táirgí nua a chruthaíonn siad?
  - Cad é an réasúnaíocht lena leithéid réiteach agus/nó táirgí a chruthú?
  - Má úsáideann, an úsáideann siad teicneolaíochtaí digiteacha le haghaidh aon cheann de na gníomhaíochtaí seo a leanas:
  - Chun fianaise a bhailiú, an dul chun a thaifeadadh, meastóireacht agus machnamh a dhéanamh?

Má úsáideann, cén fáth agus cén chaoi a n-úsáideann siad teicneolaíochtaí digiteacha chun tacú leis na gníomhaíochtaí seo?
D'fhéadfadh an scoil fianaise a bhailiú ó mhúinteoirí, daltaí/scoláirí agus tuismitheoirí ar gach ceann de na ráitis seo agus ansin is féidir leis na sonraí seo cuidiú leis an scoil cinneadh a dhéanamh cad é an leibhéal cleachtais ag a bhfuil sí ag feidhmiú.

Chomh maith le fianaise a bhailiú maidir le haon chaighdeáin bhreise laistigh den *Ghné Teagaisc agus Foghlama*, agus ag teacht leis an sampla roimhe seo, déanann an scoil cinneadh freisin fianaise a bhailiú ó na ráitis ghaolmhara laistigh den *Ghné Ceannaireachta agus Bainistíochta*.

**SAMPLA - blue box**

Déanann an scoil athbhreithniú freisin ar na ráitis chleachtais iomchuí ón nGné Ceannaireachta agus Bainistíochta, go háirithe acmhainní daonna, fisiciúla agus airgeadais na scoile chun eagraíocht foghlama a chruthú agus a chothú.

Déanann an scoil athbhreithniú ar na ráitis éifeachtacha agus an-éifeachtach a bhaineann leis an gcaighdeán seo. Is mian léi athbhreithniú a dhéanamh ar a cleachtais reatha maidir le soláthar, cothabháil, idir-inoibritheacht agus sábháilteacht na dteicneolaíochtaí digiteacha a mbíonn rochtain ag foghlaimeoirí orthu ar scoil.

| | | |
|---|---|---|
| **Acmhainní daonna, fisiciúla agus airgeadais na scoile a bhainistiú chun eagraíocht foghlama a chruthú agus a chothú** | Cinntíonn an príomhoide agus ceannairí eile sa scoil go bhfuil próisis i bhfeidhm maidir le soláthar, cothabháil, idir-inoibritheacht agus slándáil an bhonneagair dhigitigh le haghaidh foghlaim, teagasc agus measúnú éifeachtach.<br><br>Cinntíonn an bord bainistíochta soláthar agus cothabháil acmhainní agus trealamh an teagaisc dhigitigh ar chaighdeán ard.<br><br>Rinneadh spásanna foghlama fisiciúla a dhearadh nó a chur in oiriúint chun tairbhe a bhaint as úsáid raon teicneolaíochtaí digiteacha don fhoghlaim agus an úsáid sin a bharrfheabhsú. | Déanann an príomhoide agus ceannairí eile sa scoil athbhreithniú, pleanáil agus maoirsiú straitéiseach ar sholáthar, cothabháil, idir-inoibritheacht agus slándáil an bhonneagair dhigitigh le haghaidh foghlaim, teagasc agus measúnú éifeachtach.<br><br>Cinntíonn an bord bainistíochta soláthar agus cothabháil acmhainní agus trealamh an teagaisc dhigitigh ar chaighdeán an-ard.<br><br>Rinneadh spásanna foghlama fisiciúla a dhearadh nó a chur in oiriúint chun tairbhe a bhaint as úsáid raon teicneolaíochtaí digiteacha agus an úsáid sin a bharrfheabhsú, chun go mbeidh rochtain ar réimse leathan uirlisí digiteacha ábhartha, ábhair agus seirbhísí i suíomhanna foghlama ar féidir iad a chumrú ar bhealach solúbtha. |

Agus athbhreithniú á dhéanamh ar a cleachtais reatha, déanann an scoil na ceisteanna seo a leanas a mheas:

- An bhfuil na próisis i bhfeidhm le haghaidh sholáthar, chothabháil, idir-inoibritheacht agus shábháilteacht an bhonneagair dhigitigh don fhoghlaim, teagasc agus measúnú éifeachtach?
    - Cén bunús ar a ndéantar cinntí maidir le cad iad na teicneolaíochtaí digiteacha a cheannaítear agus cén fáth?
    - Cé a dhéanann an cinneadh cad iad na teicneolaíochtaí digiteacha a cheannaíonn an scoil agus cén fáth?
    - An bhfuil conradh cothabhála ag an scoil le haghaidh a bonneagair dhigitigh?

An bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm ag an scoil lena chinntiú go ndéantar sonraí foghlaimeoirí a stóráil go sábháilte?

- An ndéantar na próisis seo a thaifeadadh agus an bhfuil na baill foirne uile ar an eolas fúthu?
  - An gcoinnítear an bonneagar digiteach sa scoil ar chaighdeán maith?
  - An bhfuil sé iontaofa agus oiriúnach le haghaidh riachtanais na bhfoghlaimeoirí agus na múinteoirí?

Cad iad na próisis atá i bhfeidhm agus an gá iad a thabhairt suas chun dáta? [Cleachtas Éifeachtach]

- An nglacann an scoil le cur chuige bunaithe ar fhianaise chun teicneolaíochtaí digiteacha a cheannach?
  - An gcuireann riachtanais foghlama go príomha lena leithéid cinntí (e.g. ag ceannach trealaimh róbataigh do na Naíonáin Shóisearacha chun tacú le forbairt na litearthachta agus na huimhearthachta)?
  - An gcuireann an scoil san áireamh conas a dhéantar pleanáil maidir leis na teicneolaíochtaí digiteacha a úsáidfear sula ndéantar cinneadh ceannacháin go comhoibríoch (e.g. teicneolaíochtaí a thacaíonn le rannpháirtíocht ghníomhach, chriticiúil agus chruthaitheach i measc foghlaimeoirí)?
  - An dtéann an scoil i gcomhairle le scoileanna eile, leis an taighde iomchuí agus le saineolaithe eile sula dtéann siad i mbun an trealamh a cheannach?
  - An gcuireann an fhoireann iomchuí, an príomhoide agus an bord bainistíochta a n-ainm leis na cinntí maidir leis an teicneolaíochtaí digiteacha a dhéantar a sholáthar?

- An ndéantar na nósanna imeachta seo a thaifeadadh agus an bhfuil na baill foirne uile ar an eolas fúthu?
- An bhfuil próiseas i bhfeidhm don fhoireann le cás foghlama a dhéanamh le haghaidh sholáthar na dteicneolaíochtaí digiteacha laistigh de scoil? [An-éifeachtach]

## TORADH ÓN gCÉIM SEO

- Tá fianaise bailithe ag an scoil ó réimse foinsí maidir le líon na gcaighdeán foghlama digití iomchuí
- Tá iarracht déanta ag an scoil na nósanna maidir le cleachtais FD na scoile a aimsiú.

# Céim 3: Déan Anailís agus Breithiúnais

Agus réimse fianaise bailithe maidir le caighdeáin éagsúla, déanann an scoil anailís ansin ar na sonraí seo agus déanann sí breithiúnais ó thaobh na gcleachtas atá ann cheana féin. Agus é seo á dhéanamh, ba chóir don scoil cinneadh, deimhniú agus ceiliúradh a dhéanamh maidir leis na láidreachtaí a aithníonn siad sna gnéithe cleachtais a bhfuil meastóireacht á déanamh orthu agus ag an am céanna na réimsí a aithint ar chóir tús áite a thabhairt dóibh le haghaidh feabhsúcháin.

Ba chóir don scoil comparáid a dhéanamh idir a cleachtais FD reatha agus na ráitis chleachtais éifeachtacha agus an-éifeachtach ábhartha. B'fhéidir go bhfeicfidh an scoil go bhfuil a cleachtas ag teacht leis na ráitis chleachtais éifeachtacha i gcuid mhór réimsí, agus go bhfuil roinnt réimsí dá cuid oibre an-éifeachtach. B'fhéidir go n-aithneoidh sí réimsí ina bhfuil gá le forbairt agus feabhas chun iad a thabhairt go dtí an leibhéal de chleachtas éifeachtach. Cuideoidh na ráitis le scoil freisin chun réimsí cleachtais a fhorbairt ó chleachtas 'éifeachtach' go dtí cleachtas 'an-éifeachtach', más iomchuí.

## SAMPLA

D'fhéadfadh scoil na breithiúnais seo a dhéanamh tar éis athbhreithniú agus anailís a dhéanamh ar an bhfianaise a bailíodh maidir lena cleachtais reatha in úsáid na dteicneolaíochtaí digiteacha chun an rannpháirtíocht foghlaimeoirí a chur chun cinn:

| RÉIMSE 1: TORTHAÍ D'FHOGHLAIMEOIRÍ | | |
|---|---|---|
| CAIGHDEÁIN | RÁITIS AR CHLEACHTAS ÉIFEACHTACH | RÁITIS AR CHLEACHTAS AN-ÉIFEACHTACH |
| **Baineann daltaí taitneamh as a gcuid foghlama, bíonn siad an-tiomanta i leith na foghlama agus bíonn siad ag súil le spriocanna a bhaint amach mar fhoghlaimeoirí** | Úsáideann na daltaí teicneolaíochtaí digiteacha cuí chun rannphháirtíocht ghníomhach a chothú le torthaí foghlama cuí a bhaint amach.<br><br>Úsáideann na daltaí teicneolaíochtaí digiteacha chun fianaise a bhailiú agus chun dul chun cinn a thaifeadadh. | Úsáideann na daltaí teicneolaíochtaí digiteacha cuí chun rannpháirtíocht ghníomhach, chruthaitheach agus chriticiúil a chothú le torthaí foghlama dúshlánacha a bhaint amach.<br>Úsáideann na daltaí teicneolaíochtaí digiteacha chun fianaise a bhailiú, chun dul chun cinn a thaifeadadh, chun measúnú agus machnamh a dhéanamh, agus chun réitigh agus/nó táirgí nua a chruthú. |

- Tá foghlaimeoirí ag baint úsáid as teicneolaíochtaí digiteacha go príomha ar bhealaí éighníomhacha, ar nós rochtain a dhéanamh ar ábhar digiteach trí scáileán. Bhí fianaise theoranta ann d'fhoghlaimeoirí ag baint úsáid as teicneolaíochtaí digiteacha chun tacú lena rannpháirtíocht ghníomhach, chruthaitheach agus chriticiúil chun torthaí foghlama dúshlánacha a bhaint amach.
- Déanann roinnt foghlaimeoirí fianaise a bhailiú agus an dul chun cinn a thaifeadadh, ach tá an cleachtas seo ag brath ar an múinteoir agus tá fianaise ann d'fhoghlaimeoirí ag baint úsáid as ardáin éagsúla chun a leithéid fianaise a thaifeadadh. Is cosúil nach bhfuil an t-aon ardán nó cur chuige i bhfeidhm chun a leithéid fianaise a léiriú agus a stóráil.
- Déanann an scoil breithiúnas nach bhfuil a cleachtais reatha ag an Leibhéal Éifeachtach.

Agus anailís níos mó déanta, déanann an scoil cinneadh:

- Nach mór di béim níos mó a chur ar na teicneolaíochtaí digiteacha a chur i lámha a bhfoghlaimeoirí, mar san fhianaise atá ann faoi láthair tugtar le tuiscint go bhfuil rochtain theoranta ag foghlaimeoirí.
- Nach mór di níos gníomhaíochtaí foghlama atá níos tarraingtí a dhearadh ina mbeidh foghlaimeoirí in ann teicneolaíochtaí digiteacha a úsáid chun a rannpháirtíocht ghníomhach, chruthaitheach agus chriticiúil a chothú chun na torthaí foghlama dúshlánacha a bhaint amach. Ar an gcaoi seo, úsáidfidh foghlaimeoirí na huirlisí chun fadhbanna dúshlánacha a réiteach.
- Nach mór di ardán amháin a aimsiú leis an bhfianaise foghlama a bhailiú ionas go mbeidh tacaíocht ag na foghlaimeoirí uile chun meastóireacht agus machnamh a dhéanamh ar an eolas a bhailítear, d'fhonn réitigh agus/nó táirgí nua a chruthú. Faoi láthair, is annamh a dhéantar an chuid is mó den eolas a bhailítear a athbhreithniú nó a cheistiú.

Chomh maith leis sin, déanann an scoil anailís agus breithiúnais ar an eolas a bhailítear i dtaca leis an *nGné Ceannaireachta agus Bainistíochta*.

## SAMPLA

Déanann an scoil athbhreithniú ar an bhfianaise atá bailithe aici i dtaca le hacmhainní daonna, fisiciúla agus airgeadais na scoile a bhainistiú chun eagraíocht foghlama a chruthú agus a chothú.

| | | |
|---|---|---|
| **Acmhainní daonna, fisiciúla agus airgeadais na scoile a bhainistiú chun eagraíocht foghlama a chruthú agus a chothú** | Cinntíonn an príomhoide agus ceannairí eile sa scoil go bhfuil próisis i bhfeidhm maidir le soláthar, cothabháil, idir-inoibritheacht agus slándáil an bhonneagair dhigitigh le haghaidh foghlaim, teagasc agus measúnú éifeachtach.<br><br>Cinntíonn an bord bainistíochta soláthar agus cothabháil acmhainní agus trealamh an teagaisc dhigitigh ar chaighdeán ard. | Déanann an príomhoide agus ceannairí eile sa scoil athbhreithniú, pleanáil agus maoirsiú straitéiseach ar sholáthar, cothabháil, idir-inoibritheacht agus slándáil an bhonneagair dhigitigh le haghaidh foghlaim, teagasc agus measúnú éifeachtach.<br><br>Cinntíonn an bord bainistíochta soláthar agus cothabháil acmhainní agus trealamh an teagaisc dhigitigh ar chaighdeán an-ard. |

San fhianaise léirítear:

- Nach bhfuil próiseas soláthair láidir i bhfeidhm ag an scoil faoi láthair agus go dtí seo is é an príomhoide nó ball foirne a dhéanann an bonneagar digiteach a sholáthar.
- Go bhfuil raon cineálacha agus déanaimh de ghléasanna ríomhaire/táibléid sa scoil faoi láthair, agus go bhfuil fadhbanna idir-inoibritheachta idir na gléasanna seo.
- Go bhfuil easpa teicneolaíochtaí digiteacha ann chun tacú lena rannpháirtíocht ghníomhach, chruthaitheach agus chriticiúil le torthaí foghlama dúshlánacha a bhaint amach.
- Go ndéanann an scoil cinneadh athbhreithniú agus nuashonrú a dhéanamh ar a nósanna imeachta agus ardáin chun sonraí foghlaimeoirí a bhailiú agus meastóireacht a dhéanamh orthu.

- Nach bhfuil an bonneagar digiteach sa scoil iontaofa an t-am ar fad agus go bhfuil fadhbanna leanúnacha leis an Wifi agus le gléasanna áirithe.
- Go bhfuil easnamh áiseanna teagaisc digiteacha ann do réimsí ábhair éagsúla sa scoil.
- Go ndéanann an scoil breithiúnas nach bhfuil sí ag feidhmiú ag an Leibhéal Éifeachtach.

Agus anailís níos mó déanta, déanann an scoil cinneadh:

- Nach mór di próiseas a fhorbairt ina mbíonn na cinntí soláthair uile bunaithe ar an bhfoireann ag déanamh cáis fhoghlama do na teicneolaíochtaí digiteacha a aimsítear. Ba chóir go gcuirfeadh an Creat FD leis seo.
- Go ndéanann an scoil iniúchadh maidir leis an bhféidearthacht le conradh cothabhála a bheith aici ionas go mbeidh an córas oibriúcháin agus na bogearraí feidhmchláir is mó suas chun dáta sna gléasanna uile.
- Athbhreithniú a dhéanamh ar a bonneagar WIFI in áiteanna áirithe sa scoil, ina raibh fadhbanna san am a chuaigh thart, d'fhonn a bonneagar a thabhairt suas chun dáta.

Ba chóir go mbeadh plé leis na baill foirne uile agus na páirtithe leasmhara cuí i gceist leis an anailís agus na breithiúnais a dhéanann an scoil, agus ba chóir di díriú ar na cleachtais FD a fheabhsú ar fud na scoile amach anseo.

## TORADH ÓN gCÉIM SEO

- Tá an scoil tar éis dul i mbun próisis mhachnaimh ar an bhfianaise a bailíodh agus tá breithiúnais déanta aici ar a cleachtais FD reatha.
- Tá gníomhartha aitheanta ag an scoil a ghlacfaidh sí chun cur lena cleachtais FD.

# Céim 4: Scríobh agus Roinnan Plean Foghlama Digití

## An Plean Foghlama Digití

Ní mór don scoil a gníomhaíochtaí a léiriú i ndoiciméad amháin, an Plean Foghlama Digití (Plean FD). Is doiciméad amháin é an Plean FD agus tugtar breac-chuntas ann ar an gcaoi a ndéanfar cleachtais FD a fheabhsú thar thréimhse ama shocraithe. Is é seo a leanas struchtúr atá molta le haghaidh do Phlean FD:

## Cuid 1: Cá bhfuilimid ó thaobh na foghlama digití?

Sa chéad chuid den Phlean FD, ba chóir go mbeadh na doiciméid seo a leanas:

- Ráiteas físe maidir le húsáid teicneolaíochtaí digiteacha sa scoil
- Cuntas gairid faoi úsáid teicneolaíochtaí digiteacha sa scoil go dtí seo
- Fócas an Phlean FD agus conas a rinneadh an cinneadh seo
- Na ráitis chleachtais foghlama digití le hathbhreithniú a dhéanamh orthu (aimsithe ón gCreat FD)
- Na cinntí (ó na céimeanna 1-3) agus an chaoi ar thángthas orthu
    - Achoimre ar na láidreachtaí (deimhnigh agus ceiliúir)
    - Achoimre ar na réimsí ina bhfuil feabhsúchán de dhíth orthu.

## Cuid 2: Conas is féidir linn foghlaim dhigiteach a fheabhsú?

Sa dara cuid den Phlean FD tugtar breac-chuntas ar na spriocanna agus ar na gníomhartha a dhéanfaidh an scoil chun foghlaim dhigiteach a fheabhsú laistigh den scoil. Beidh na gnéithe seo a leanas ann:

- Spriocanna le haghaidh feabhsúcháin
    - Gníomhartha atá ag teastáil le spriocanna a bhaint amach (Céim 4)
- Cé a dhéanfaidh na gníomhartha atá leagtha amach? (Céim 5)
- Cé a dhéanfaidh monatóireacht agus athbhreithniú ar chur i bhfeidhm agus ar dhul chun cinn an Phlean FD?
- Conas a bheidh baint ag na tuismitheoirí agus na páirtithe leasmhara cuí?
- Tréimhse ama leis na spriocanna a bhaint amach.

## Ag Leagan Síos Spriocanna Áirithe

Ní mór don scoil spriocanna a leagan síos leis na cleachtais FD a fheabhsú thar thréimhse ama shonraithe. Ba chóir iad seo a scríobh mar spriocanna SMART leis an bhfeabhsúchán a thabhairt chun críche. Is céim thábhachtach í seo lena fháil amach faoi na gníomhartha nach mór a dhéanamh.

### SAMPLA

Déanann an scoil sraith spriocanna ar leith a fhorbairt nuair a bhíonn teicneolaíochtaí digiteacha in úsáid aici le rannpháirtíocht foghlaimeoirí a chur chun cinn, ionas go *n-úsáidfidh na daltaí/scoláirí na teicneolaíochtaí digiteacha cuí chun rannpháirtíocht ghníomhach a chothú leis na torthaí foghlama cuí a bhaint amach (Cleachtas Éifeachtach) agus go n-úsáideann na daltaí teicneolaíochtaí digiteacha chun fianaise a bhailiú agus dul chun cinn a thaifeadadh (Cleachtas Éifeachtach).*

| RÉIMSE 1: TORTHAÍ D'FHOGHLAIMEOIRÍ | | |
|---|---|---|
| **CAIGHDEÁIN** | **RÁITIS AR CHLEACHTAS ÉIFEACHTACH** | **RÁITIS AR CHLEACHTAS AN-ÉIFEACHTACH** |
| **Baineann daltaí taitneamh as a gcuid foghlama, bíonn siad an-tiomanta i leith na foghlama agus bíonn siad ag súil le spriocanna a bhaint amach mar fhoghlaimeoirí** | Úsáideann na daltaí teicneolaíochtaí digiteacha cuí chun rannpháirtíocht ghníomhach a chothú le torthaí foghlama cuí a bhaint amach.<br><br>Úsáideann na daltaí teicneolaíochtaí digiteacha chun fianaise a bhailiú agus chun dul chun cinn a thaifeadadh. | Úsáideann na daltaí teicneolaíochtaí digiteacha cuí chun rannpháirtíocht ghníomhach, chruthaitheach agus chriticiúil a chothú le torthaí foghlama dúshlánacha a bhaint amach.<br>Úsáideann na daltaí teicneolaíochtaí digiteacha chun fianaise a bhailiú, chun dul chun cinn a thaifeadadh, chun measúnú agus machnamh a dhéanamh, agus chun réitigh agus/nó táirgí nua a chruthú. |

Is iad seo a leanas a spriocanna:

- Beidh rochtain ag foghlaimeoirí ar na teicneolaíochtaí digiteacha cuí a chothaíonn rannpháirtíocht ghníomhach.
- Déanfaidh múinteoirí gníomhaíocht foghlama amháin ar a laghad a dhearadh in aghaidh na seachtaine ina n-úsáidfidh foghlaimeoirí

teicneolaíochtaí digiteacha chun fadhb dhúshlánach a réiteach.

- Úsáidfidh na daltaí/scoláirí uile teicneolaíochtaí digiteacha chun gníomhaíocht foghlama a thaifeadadh uair sa tseachtain ar a laghad.
- Cuirfidh na múinteoirí uile aiseolas múnlaitheach ar fáil maidir leis an ngníomhaíocht foghlama seo d'fhoghlaimeoirí ag baint úsáid as teicneolaíochtaí digiteacha nó ar thimpeallacht ar líne.
- Déanfaidh na foghlaimeoirí uile machnamh agus meastóireacht ar an eolas a fhaigheann siad lena dtuismitheoirí/gcaomhnóirí agus lena múinteoir.

## SAMPLA

Déanann an scoil sraith spriocanna ar leith a fhorbairt, i dtaca leis na hacmhainní daonna, fisiciúla agus airgeadais a bhainistiú chun eagraíocht foghlama a chruthú agus a chothú ionas:

- *go gcinnteoidh an príomhoide agus ceannairí eile sa scoil go bhfuil na próisis i bhfeidhm le haghaidh sholáthar, chothabháil, idir-inoibritheacht agus shábháilteacht an bhonneagair dhigitigh don fhoghlaim, teagasc agus measúnú éifeachtach (Cleachtas Éifeachtach).*
- *agus go gcinnteoidh an bord bainistíochta go bhfuil soláthar agus cothabháil na n-áiseanna teagaisc digiteacha agus an trealamh ar chaighdeán maith.*

| | | |
|---|---|---|
| **Acmhainní daonna, fisiciúla agus airgeadais na scoile a bhainistiú chun eagraíocht foghlama a chruthú agus a chothú** | Cinntíonn an príomhoide agus ceannairí eile sa scoil go bhfuil próisis i bhfeidhm maidir le soláthar, cothabháil, idir-inoibritheacht agus slándáil an bhonneagair dhigitigh le haghaidh foghlaim, teagasc agus measúnú éifeachtach.<br><br>Cinntíonn an bord bainistíochta soláthar agus cothabháil acmhainní agus trealamh an teagaisc dhigitigh ar chaighdeán ard. | Déanann an príomhoide agus ceannairí eile sa scoil athbhreithniú, pleanáil agus maoirsiú straitéiseach ar sholáthar, cothabháil, idir-inoibritheacht agus slándáil an bhonneagair dhigitigh le haghaidh foghlaim, teagasc agus measúnú éifeachtach.<br><br>Cinntíonn an bord bainistíochta soláthar agus cothabháil acmhainní agus trealamh an teagaisc dhigitigh ar chaighdeán an-ard. |

## Is iad seo a leanas a spriocanna:

- Déanfaidh an scoil, le cuidiú ón bhFoireann FD, próiseas a fhorbairt ina mbeidh cás foghlama a chuireann an fhoireann ar aghaidh le linn Bhliain 1 mar bhonn agus mar thaca ag na cinntí soláthair uile.
- Beidh an próiseas seo ar bhonn píolótach ag an scoil ar dtús i mBliain 1 trí na 'teicneolaíochtaí cuí' a aimsiú chun tacú le rannpháirtíocht foghlaimeoirí ghníomhach. Beidh an ghníomhaíocht seo faoi threoir na Foirne FD.
- Baileoidh an Fhoireann FD fianaise, trí shraith de chás-staidéir, ar conas atá múinteoirí ag baint úsáid as na teicneolaíochtaí seo chun rannpháirtíocht ghníomhach a chothú.
- Roinnfear na cás-staidéir seo, scéalta múinteoirí, leis na baill foirne uile, ag cruinnithe ball foirne/foirne i rith na bliana. Cinnteoidh an príomhoide go bhfuil am curtha i leataobh ag cruinnithe ball foirne chun na cleachtais seo a roinnt agus ionas go mbeidh na baill foirne in ann bheith rannpháirteach i bplé criticiúil.
- Déanfaidh an scoil monatóireacht agus taifeadadh ar na saincheisteanna/dúshláin atá teicniúil a bhíonn ann do na baill foirne de bharr na dteicneolaíochtaí digiteacha cuí le linn Bhliain

1. Aimseoidh an Fhoireann FD raon de chuir chuige tacaíochta teicniúla a d'fhéadfadh bheith ann, sula ndéanfar an cur chuige is fearr léi a mholadh do na baill foirne agus do bhainistíocht na scoile.

## Do spriocanna a bhaint amach

Sa Phlean FD, ba chóir spriocanna SMART a fhorbairt ionas go mbeidh an scoil in ann a cleachtais FD a fhorbairt. Chun cuidiú le do spriocanna a bhaint amach, ba chóir duit na nithe seo a leanas a dhéanamh:

- An réimse/ na réimsí fócais roghnaithe a aimsiú agus réasúnaíocht a chur ar fáil mar gheall ar an roghnú a rinneadh.
- Liosta a dhéanamh de na ráitis chleachtais FD a bhfuil tús áite a thabhairt dóibh ón dá ghné: *Teagasc agus Foghlaim agus Ceannaireacht agus Bainistíocht*.
- Liosta a dhéanamh den sprioc/ de na spriocanna atá le baint amach i dtaca leis na ráitis chleachtais roghnaithe don chleachtas éifeachtach nó *an-éifeachtach*.

Le haghaidh gach taisc, sonraigh:

- tréimhse ama réadúil ina mbainfear amach an tasc;
- cé a bheidh freagrach as an tasc a chur i gcrích;
- cad iad na hacmhainní atá ag teastáil (i.e. pearsanra, trealamh, seirbhísí etc.) leis an tasc a chur i gcrích;
- cén toradh a bhfuiltear ag súil leis nuair atá an tasc curtha i gcrích.

## Acmhainní

Agus tú ag breathnú ar an gcaoi a mbainfidh tú do spriocanna amach beidh ort breathnú ar na hacmhainní atá agat agus cad iad na cinn bhreise a bheadh ag teastáil uait lena soláthar chun iad a bhaint amach. Ba chóir go mbeadh meascán d'acmhainní daonna, acmhainní digiteacha agus acmhainní eile san áireamh, mar sin breathnaigh ar cad atá ag teastáil chun an sprioc a bhaint amach.

B'fhéidir go mbeadh na cinn seo a leanas san áireamh:

- Teicneolaíochtaí digiteacha breise chun tacú le cleachtais foghlama, teagaisc agus measúnaithe.
- Deiseanna foghlama gairmiúla a aithint do na baill foirne. D'fhéadfadh sé go mbeadh cúrsaí aghaidh ar aghaidh nó ar líne, múinteoirí ag roinnt cleachtais le comhghleacaithe, ag freastal ar chomhdhálacha nó ar cheardlanna a bhaineann leis an réimse sprice, i gceist leis seo.

- Tacaíocht ó phearsanra seachtrach nó ó eagraíochtaí seachtracha chun cuidiú leis an scoil na teicneolaíochtaí digiteacha a dhaingniú laistigh d'fheidhmiú na scoile.

### Comhairliúchán sa Scoil Uile

Nuair a bhíonn an Plean FD curtha i gcrích agus pléite leis na baill foirne uile ba chóir go mbeadh a n-ainm curtha leis ag an bpríomhoide agus ag Cathaoirleach an Bhoird Bhainistíochta mar bheartas scoile. Ba chóir athbhreithniú a dhéanamh ar an bplean go rialta chun monatóireacht a dhéanamh ar an dul chun cinn ar an gcur i bhfeidhm.

### TORADH ÓN gCÉIM SEO

- Tá Plean FD forbartha ag an scoil.
- Roinneadh achoimre ar an bPlean FD le pobal na scoile.
- Rinneadh próiseas a fhorbairt chun monatóireacht a dhéanamh ar chur i bhfeidhm an phlean agus tá gach duine ar an eolas cé atá freagrach as a spriocanna agus as a dtascanna gaolmhara.
- Tá tréimhse ama shoiléir ag an bPlean FD agus déanfar athbhreithniú uirthi go rialta.

## Céim 5: An Plean á Chur i nGníomh

Is é seo an phríomhchéim a bhaineann leis an bpróiseas. Ní thagann feabhas ar na cleachtais foghlama digití sa scoil ach amháin nuair a thosaíonn an scoil ag cur na ngníomhartha a léirigh siad sa Phlean FD i bhfeidhm. Ba chóir don phearsanra cuí de chuid na scoile an úinéireacht ar na gníomhartha seo a roinnt atá le cur i bhfeidhm ag múinteoir ar leith, rang nó ag leibhéal na scoile uile. Ba chóir go mbeadh na gníomhartha seo mar chuid den ghnáthphróiseas teagaisc agus foghlama, agus dá bhrí sin, ba chóir go mbeadh na múinteoirí uile in ann iad a chur i bhfeidhm.

Tá ról ag pobal na scoile uile agus tá sé freagrach as an Plean FD a chur i bhfeidhm i gceart. Sa Straitéis Dhigiteach luaitear gur chóir go mbeadh an t-eolas agus na scileanna atá riachtanach ag GACH múinteoir leis na

teicneolaíochtaí digiteacha a chomhtháthú go héifeachtach ina c(h)leachtas. Dá bhrí sin, tá sé ríthábhachtach an plean a chur i ngníomh lena chinntiú go mbíonn na múinteoirí uile muiníneach agus an fhoghlaim dhigiteach a chur i bhfeidhm ina gcleachtas. Tá gá le cur chuige na scoile uile, ina mbíonn páirt ag gach ball foirne, le Plean FD a n-éireoidh leis a chruthú agus a chur i bhfeidhm.

Is é an aidhm a bhaineann le monatóireacht a dhéanamh ar an bPlean FD ná smacht a choinneáil ar an bplean, le go mbeifear ar an mbóthar ceart agus lena chinntiú go gcuirtear é i gcrích i gceart trí chuidiú le fadhbanna a aimsiú ag an tús ionas gur féidir teacht ar réitigh.

## SAMPLA

Cuireann an scoil sraith gníomhartha i bhfeidhm ionas gur féidir le teicneolaíochtaí digiteacha rannpháirtíocht foghlaimeoirí a chur chun cinn.

| RÉIMSE 1: TORTHAÍ D'FHOGHLAIMEOIRÍ | | |
|---|---|---|
| **CAIGHDEÁIN** | **RÁITIS AR CHLEACHTAS ÉIFEACHTACH** | **RÁITIS AR CHLEACHTAS AN-ÉIFEACHTACH** |
| **Baineann daltaí taitneamh as a gcuid foghlama, bíonn siad an-tiomanta i leith na foghlama agus bíonn siad ag súil le spriocanna a bhaint amach mar fhoghlaimeoirí** | Úsáideann na daltaí teicneolaíochtaí digiteacha cuí chun rannpháirtíocht ghníomhach a chothú le torthaí foghlama cuí a bhaint amach.<br><br>Úsáideann na daltaí teicneolaíochtaí digiteacha chun fianaise a bhailiú agus chun dul chun cinn a thaifeadadh. | Úsáideann na daltaí teicneolaíochtaí digiteacha cuí chun rannpháirtíocht ghníomhach, chruthaitheach agus chriticiúil a chothú le torthaí foghlama dúshlánacha a bhaint amach.<br>Úsáideann na daltaí teicneolaíochtaí digiteacha chun fianaise a bhailiú, chun dul chun cinn a thaifeadadh, chun measúnú agus machnamh a dhéanamh, agus chun réitigh agus/nó táirgí nua a chruthú. |

### Cinntíonn an scoil:

- Go bhfuil rochtain ag foghlaimeoirí ar na teicneolaíochtaí digiteacha cuí le rannpháirtíocht ghníomhach a chothú i ngníomhaíocht foghlama amháin ar a laghad in aghaidh na seachtaine.

  - Cuirfear raon teicneolaíochtaí digiteacha ar fáil ar bhonn róta do na ranganna uile. Beidh múinteoirí ranga in ann na teicneolaíochtaí atá ag teastáil uathu dá ngníomhaíocht foghlama a chur in áirithe roimh ré.

- Go mbíonn múinteoirí ag obair i gcomhar le chéile chun gníomhaíocht foghlama dhúshlánach amháin ar a laghad a dhearadh in aghaidh na seachtaine ina mbíonn gá le teicneolaíocht dhigiteach a úsáid go fiúntach.
  - Cuirfear am ar fáil go seachtainiúil do mhúinteoirí ag leibhéal an ghráid nó ag leibhéal na roinne ábhair, chun gníomhaíochtaí foghlama dúshlánacha a phleanáil.

- Go ndéanann múinteoirí gníomhaíocht foghlama amháin ar a laghad a dhearadh in aghaidh na seachtaine ina n-úsáideann foghlaimeoirí teicneolaíochtaí digiteacha chun fadhbanna dúshlánacha a réiteach.
  - Cruthóidh múinteoirí, ag obair i gcomhar le chéile i bhfoirne, fadhbanna dúshlánacha go seachtainiúil ina bhfuil fíor-riachtanas i gceist le teicneolaíocht dhigiteach a úsáid.
- Go gcuireann na múinteoirí uile aiseolas múnlaitheach ar fáil maidir leis na fadhbanna dúshlánacha seo dá bhfoghlaimeoirí ag baint úsáid as teicneolaíochtaí digiteacha nó timpeallacht ar líne, uair amháin sa tseachtain ar a laghad.
  - Beidh rochtain ag na múinteoirí uile ar réitigh dhigiteacha a bhfoghlaimeoirí ar na fadhbanna dúshlánacha seachtainiúla agus cuirfidh siad aiseolas ar fáil i bhfoirm dhigiteach do na foghlaimeoirí uile. Is féidir an t-aiseolas seo a roinnt le tuismitheoirí freisin.
- Go ndéanann na foghlaimeoirí uile machnamh agus meastóireacht ar an aiseolas a fhaigheann siad lena dtuismitheoirí/ gcaomhnóirí agus lena múinteoir go seachtainiúil.
  - Le haghaidh obair bhaile, déanfaidh na foghlaimeoirí

uile athbhreithniú lena dtuismitheoirí/ gcaomhnóirí ar a n-aiseolas digiteach agus, ag baint úsáid as an teicneolaíocht dhigiteach, cruthóidh siad freagra machnamhach ar an aiseolas a fuair siad.

## SAMPLA

Cuireann an scoil sraith gníomhartha i bhfeidhm a bhaineann le hacmhainní daonna, fisiciúla agus airgeadais na scoile a bhainistiú chun eagraíocht foghlama a chruthú agus a chothú.

| | | |
|---|---|---|
| **Acmhainní daonna, fisiciúla agus airgeadais na scoile a bhainistiú chun eagraíocht foghlama a chruthú agus a chothú** | Cinntíonn an príomhoide agus ceannairí eile sa scoil go bhfuil próisis i bhfeidhm maidir le soláthar, cothabháil, idir-inoibritheacht agus slándáil an bhonneagair dhigitigh le haghaidh foghlaim, teagasc agus measúnú éifeachtach.<br><br>Cinntíonn an bord bainistíochta soláthar agus cothabháil acmhainní agus trealamh an teagaisc dhigitigh ar chaighdeán ard. | Déanann an príomhoide agus ceannairí eile sa scoil athbhreithniú, pleanáil agus maoirsiú straitéiseach ar sholáthar, cothabháil, idir-inoibritheacht agus slándáil an bhonneagair dhigitigh le haghaidh foghlaim, teagasc agus measúnú éifeachtach.<br><br>Cinntíonn an bord bainistíochta soláthar agus cothabháil acmhainní agus trealamh an teagaisc dhigitigh ar chaighdeán an-ard. |

## Cinntíonn an scoil:

- Go ndéanann an scoil, le cuidiú ón bhfoireann FD, próiseas a fhorbairt ina bhfuil cás forbartha a chuireann an fhoireann ar aghaidh le linn Bhliain 1 mar bhonn agus mar thaca ag na cinntí soláthair uile.
  - Tosóidh an próiseas trí na cineálacha gníomhaíochtaí dúshlánacha a aimsiú atá á ndearadh ag múinteoirí agus trí athbhreithniú a dhéanamh an bhfuil na teicneolaíochtaí digiteacha reatha oiriúnach. Is pointe tosaigh é seo leis an bpróiseas a chruthú.
- Bíonn an próiseas seo ar bhonn píolótach ag an scoil ar dtús i mBliain 1 trí na 'teicneolaíochtaí cuí' a aimsiú chun tacú le rannpháirtíocht foghlaimeoirí ghníomhach. Bhí an ghníomhaíocht seo faoi threoir na Foirne FD.

  - Déanann an fhoireann FD agus grúpa múinteoirí machnamh ar na cineálacha gníomhaíochtaí foghlama dúshlánacha atá in úsáid acu lena bhfoghlaimeoirí. Déanann siad iniúchadh le chéile féachaint an bhfuil na teicneolaíochtaí oiriúnach agus aimsíonn siad, más cuí, na teicneolaíochtaí digiteacha ba chóir a sholáthar.
- Bailíonn an Fhoireann FD fianaise, trí shraith de chás-staidéir, ar conas atá múinteoirí ag baint úsáid as na teicneolaíochtaí seo le teicneolaíochtaí digiteacha ar leith.
- Rinne an scoil monatóireacht agus taifeadadh ar na saincheisteanna/ dúshláin atá teicniúil a bhíonn ann do na baill foirne de bharr na dteicneolaíochtaí digiteacha cuí le linn Bhliain 1. Bhí an t-athbhreithniú seo faoi threoir na Foirne FD.
  - Chomh maith leis sin, cruthaíonn an Fhoireann FD taifead ar líne ina léiríonn an fhoireann na saincheisteanna/ dúshláin uile atá teicniúil atá acu leis na teicneolaíochtaí digiteacha ar feadh na scoilbhliana. Déanann an Fhoireann FD monatóireacht go rialta ar an taifead seo agus forbraíonn sí tuairiscí míosúla chun na saincheisteanna/dúshláin a aimsiú a thagann chun cinn go hiondúil agus roinntear iad seo leis na baill foirne uile.
- Rinne an scoil iniúchadh ar an gcaoi is fearr le tacú leis na teicneolaíochtaí digiteacha seo, ionas go raibh siad ag obair i gceart don fhoireann agus do na foghlaimeoirí le linn Bhliain 1.
- D'aimsigh an Fhoireann FD raon de chuir chuige tacaíochta teicniúla a d'fhéadfadh bheith ann, sular mhol siad an cur chuige is fearr leo don fhoireann agus do bhainistíocht na scoile.
  - Déanann an Fhoireann FD, tar éis na saincheisteanna/dúshláin is coitianta a aimsiú ar tháinig an scoil orthu i rith na bliana, sonraíocht le haghaidh tacaíochta teicniúla a fhorbairt. Déanann an fhoireann athbhreithniú ar an tsonraíocht seo agus aimsítear líon deiseanna, idir chúrsa cothabhála líne thosaigh a reáchtáil don fhoireann agus roinnt gnéithe den tacaíocht theicniúil a sheachfhoinsiú. Dá bhrí sin, aimsítear raon deiseanna agus bíonn tionchar ag méid na scoile, an maoiniú atá ar fáil agus an suíomh air seo.

– Ansin lorgaíonn an scoil tairiscintí le haghaidh sraithe de sheirbhísí ar leith agus déanann sí athbhreithniú ar na freagraí sula gceaptar cuideachta leis an tseirbhís a chur ar fáil.

## An Cheannaireacht Scoile

Tá ríthábhacht leis an gceannaireacht leis an bPlean FD a chur i bhfeidhm agus léirítear é sin sna ráitis chleachtais laistigh den Chreat FD, go háirithe i *Réimse 4, Cumas Ceannaireachta a Fhorbairt* (Ceannaireacht agus Bainistíocht).

| RÉIMSE 4: CUMAS CEANNAIREACHTA A FHORBAIRT | | |
|---|---|---|
| CAIGHDEÁIN | RÁITIS AR CHLEACHTAS ÉIFEACHTACH | RÁITIS AR CHLEACHTAS AN-ÉIFEACHTACH |
| **Critíc a dhéanamh ar a gcleachtas féin mar cheannairí agus a dtuiscint a fhorbairt ar an gceannaireacht éifeachtach inbhuanaithe** | Cinntíonn an príomhoide agus ceannairí eile sa scoil go bhfuil córais teicneolaíochta i bhfeidhm chun tacú leis na cleachtais oideolaíochta dhigiteacha laistigh den scoil.<br><br>Ceistíonn siad a gcleachtas féin maidir le húsáid teicneolaíochtaí digiteacha trí phróisis mhachnaimh phearsanta agus sainaithníonn siad réimsí dá gcleachtas ar gá feabhas a chur orthu. | Déanann an príomhoide agus ceannairí eile sa scoil machnamh agus measúnú grinn ar na cleachtais oideolaíocha dhigiteacha laistigh den scoil, agus déanann siad na cleachtais sin a fhorbairt go gníomhach.<br><br>Forbraíonn siad féinfheasacht trína gcleachtas féin a cheistiú maidir le húsáid teicneolaíochtaí digiteacha trí mhachnamh pearsanta agus comhoibríoch. Aithníonn siad réimsí dá gcleachtas inar gá feabhas a dhéanamh agus bíonn siad ag obair orthu sin. |

*Fíor 4: Sliocht as an gCreat Foghlama Digití*

Ba chóir don phríomhoide agus ceannairí eile:

- Tacú leis na baill foirne uile chun teicneolaíochtaí digiteacha a dhaingniú ina gcleachtas teagaisc.
- Tacú le forbairt na foirne trí chomhroinnt cleachtais a éascú i measc múinteoirí agus an rannpháirtíocht a spreagadh sna cláir FGL chuí.
- A chinntiú go bhfuil cóip den Phlean FD ag na baill foirne uile agus go gcuirtear an tacaíocht riachtanach ar fáil i dtreo an chur i bhfeidhm.

- Monatóireacht a dhéanamh ar an gcaoi ina bhfuil an plean ag déanamh dul chun cinn agus dul i gcomhairle leis na baill foirne, go foirmiúil agus go neamhfhoirmiúil, maidir leis an bplean.
- An Fhoghlaim Dhigiteach a chur san áireamh go rialta sa chlár oibre le haghaidh cruinnithe foirne.
- Athbhreithniú bliantúil ar an bPlean FD a éascú.
- A chinntiú go mbíonn rannpháirtíocht agus tacaíocht an Bhoird Bhainistíochta, agus na bpáirtithe leasmhara eile, i gceist agus an plean á chur i bhfeidhm.

## An Fhoireann Teagaisc

Beidh cur i bhfeidhm an Phlean Fhoghlama Digití éagsúil idir bunscoileanna agus iar-bhunscoileanna. Ag an leibhéal bunscoile, ina múineann múinteoirí na hábhair uile, tá deis ann do gach múinteoir ranga an fhoghlaim dhigiteach a dhaingniú ina rang. Ag an leibhéal iar-bhunscoile, beidh ról lárnach ag gach roinn ábhair lena chinntiú go gcuirtear an plean i bhfeidhm i gceart.

Is féidir le gach múinteoir ionchur a bheith aige/ aici leis an Plean a chur i bhfeidhm i gceart agus na nithe seo a leanas a dhéanamh:

- A bheith ar an eolas faoin bPlean FD agus a bheith tiomanta dó.
- Dea-chleachtas a roinnt le comhghleacaithe i dtaca leis an bhfoghlaim dhigiteach (go foirmiúil agus go neamhfhoirmiúil araon).
- Úsáid a bhaint as an gCreat FD chun machnamh a dhéanamh ar a gcleachtais FD féin (ag baint úsáid as an bpróiseas ina bhfuil sé chéim).
- Athbhreithniú a dhéanamh ar na samplaí den dea-chleachtas foghlama digití ar shuíomh gréasáin na Seirbhíse um Fhorbairt Ghairmiúil do Mhúinteoirí – Teicneolaíocht san Oideachas.
- Na gníomhaíochtaí foghlama gairmiúla a aimsiú a thacaíonn leis na cleachtais FD a fheabhsú i scoileanna agus dul i ngleic leo.

## An Fhoireann Foghlama Digití

Is féidir ról a bheith ag an bhFoireann FD lena chinntiú go bhfuil an plean faoi sheilbh múinteoirí, tuismitheoirí agus scoláirí. Tá an t-éascú riachtanach

lena chinntiú go ndéantar an plean a chur i bhfeidhm i gceart. Is féidir leis an bhFoireann FD tacú leis an bhfoireann agus na nithe seo a leanas a dhéanamh:

- An Plean FD a phlé go rialta ag cruinnithe foirne agus/nó ag cruinnithe roinne ábhair san iar-bhunscoil.
- Plé foirmiúil/ neamhfhoirmiúil a reáchtáil le baill foirne.
- Imeachtaí a éascú ina roinneann múinteoirí a gcleachtais dhigiteacha, agus ina mbíonn múinteoirí a bhfuil níos mó muiníne acu ag obair le múinteoirí eile ar bhonn duine le duine agus i ngrúpaí beaga (cur chuige meantóireachta).
- Smaointe, acmhainní, agus/ nó cuir chuige bainistíochta ar sheomraí ranga a chomhroinnt a thacaíonn le cleachtais FD éifeachtacha agus an-éifeachtach.
- Tacú le baill foirne chun na deiseanna foghlama gairmiúla seachtracha cuí a aimsiú.

## Foghlaim Ghairmiúil

Beidh múinteoirí, in éineacht le príomhoidí, lárnach lena chinntiú go ndéantar teicneolaíochtaí digiteacha a dhaingniú sna cleachtais foghlama, teagaisc agus measúnaithe i ngach scoil. Is gá a chinntiú go bhfuil an t-eolas, na scileanna agus an mhuinín ag na múinteoirí uile chun teicneolaíochtaí digiteacha a dhaingniú ina gcleachtas. Is féidir leis an gCreat FD tacú le baill foirne chun machnamh a dhéanamh ar a gcleachtais FD reatha agus chun na réimsí a aimsiú inar mian leo a gcleachtas a fheabhsú trí bheith i mbun gníomhaíochtaí foghlama gairmiúla. Is féidir leis an scoil tacú le baill foirne:

- Chun athbhreithniú a dhéanamh ar a gcleachtas digiteach reatha ina n-aonar nó le grúpa comhghleacaithe.
- Chun bearnaí a aimsiú ina n-eolas, scileanna nó muinín ó thaobh teicneolaíochtaí digiteacha a dhaingniú ina gcleachtas.
- Chun na gníomhaíochtaí foghlama gairmiúla cuí a aimsiú agus dul ina mbun, ar nós cleachtas a roinnt le piaraí, bheith rannpháirteach i bpobail chleachtais nó clárú le cláir foghlama gairmiúla chreidiúnaithe/neamhchreidiúnaithe.
- Chun ailt, podchraoltaí nó físeáin ar chleachtais FD éifeachtacha agus an-éifeachtach a roinnt le comhghleacaithe.

## Bonneagar Digiteach

Tá scata teicneolaíochtaí digiteacha atá ag dul i méid i rith an ama atá in ann tacú leis an bhfoghlaim i scoileanna. Tá cuid mhór de na teicneolaíochtaí seo nár forbraíodh le haghaidh oideachais ach má dhéantar machnamh go cúramach agus pleanáil mhachnamhach, is féidir leo na cleachtais foghlama, teagaisc agus measúnaithe a athrú ó bhonn. Má roghnaítear a leithéid teicneolaíochtaí, ní mór do scoileanna breathnú ar cad iad na cleachtais foghlama is mian leo a chur chun cinn agus na teicneolaíochtaí cuí a roghnú don tasc. Ba chóir do scoileanna athbhreithniú a dhéanamh ar an gcaoi ina bhfuil scoileanna eile ag baint úsáid as teicneolaíochtaí ach breathnú ar shamplaí de chás-staidéir ar líne, agus freastal ar chomhdhálacha nó cuairt a thabhairt ar scoileanna eile. Ar shuíomh gréasáin na Seirbhíse um Fhorbairt Ghairmiúil do Mhúinteoirí – Teicneolaíocht san Oideachas, cuirtear samplaí físeáin éagsúla ar fáil le go mbeidh scoileanna in ann athbhreithniú a dhéanamh ar raon leathan den bhonneagar digiteach atá in úsáid chun tacú leis an gCreat FD.

### TORADH ÓN gCÉIM SEO

- Tá an Plean FD á chur i bhfeidhm.
- Tá monatóireacht á déanamh ar an bPlean FD go rialta agus á choigeartú dá réir.
- Tá na baill foirne uile iomchuí bainteach leis an bPlean FD a chur i bhfeidhm.
- Bíonn an deis ag na baill foirne smaointe agus an dea-chleachtas a roinnt le chéile.

# Céim 6: Déan Monatóireacht ar Ghníomhartha agus Déan Meastóireacht ar an Tionchar

Sa Phlean FD, beidh breac-chuntas tugtha den chaoi a ndéanfar monatóireacht ar an bplean. Beidh sé seo lárnach lena chinntiú go mbaintear amach na spriocanna i gcomhréir leis an tréimhse ama leagtha amach sa phlean. Ba chóir monatóireacht a dhéanamh ar na gníomhartha atá á gcur i bhfeidhm i gcéim 5 ar bhonn leanúnach le meastóireacht a dhéanamh ar an tionchar a bhíonn acu ar na cleachtais foghlama, teagaisc agus measúnaithe. Ní mór don scoil a fháil amach ar bhain sí amach a spriocanna agus cinneadh a dhéanamh cad é an gníomh breise is gá a dhéanamh leis an bhfoghlaim dhigiteach a fheabhsú sa scoil. Ba chóir don scoil breathnú ar na nithe seo a leanas:
Ar athraigh na cleachtais FD sna réimsí sprice?

- Cad iad eispéiris na múinteoirí maidir leis na hathruithe comhaontaithe?
- Cad iad eispéiris na bhfoghlaimeoirí maidir leis na hathruithe comhaontaithe?
- Cad é an tionchar a bhíonn ar fhoghlaim daltaí/scoláirí?
- Cad iad na chead ghnéithe eile den fhoghlaim dhigiteach ar chóir dóibh díriú orthu?

Tá tábhacht leis an ról atá acu siúd a threoraíonn an próiseas, agus an ról atá ag na múinteoirí uile sa mhonatóireacht leanúnach agus chórasach ar chur i bhfeidhm an phlean. I dtaca leis seo, tá sé riachtanach an t-eolas a bhailiú agus a úsáid ag eatraimh atá leagtha síos lena sheiceáil an bhfuil na feabhsúcháin riachtanacha á ndéanamh.

Ba chóir don scoil a chur in iúl más rud é go bhfuil aon réimsí ann ina bhfuil gá le tuilleadh feabhsúcháin, agus ba chóir iad seo a chur isteach sa chéad leagan eile den Phlean FD. Níor chóir breathnú ar chruthú an Phlean FD

mar rud a tharlaíonn uair amháin. Ní mór athbhreithniú agus nuashonrú a dhéanamh ar an bPlean FD go rialta lena léiriú cá bhfuil an scoil i dtaca leis na teicneolaíochtaí digiteacha a dhaingniú i ngach gné de shaol na scoile. Dá bhrí sin, is céim lárnach í an chéim athbhreithnithe den Phlean FD le réimsí sprice nua a aimsiú a roghnóidh an scoil don chéad leagan eile den phlean.

### TORADH ÓN gCÉIM SEO

- Cuireadh an Plean FD i bhfeidhm mar a léiríodh leis an bhfianaise a bailíodh ón bpróiseas monatóireachta agus meastóireachta leanúnach.
- Tá athbhreithniú déanta ag an scoil ar an bPlean FD.
- Tá an chéad réimse fócais eile aimsithe ag an scoil le haghaidh a Plean FD de bharr an athbhreithnithe bunaithe ar fhianaise.

## AGUISÍN A

# Acmhainní agus Tacaíochtaí

### An tSeirbhís um Fhorbairt Ghairmiúil do Mhúinteoirí

Seirbhís tacaíochta trasearnála is ea an tSeirbhís um Fhorbairt Ghairmiúil do Mhúinteoirí (PDST), ina bhfuil PDST – Teicneolaíocht san Oideachas agus an fhoireann Teicneolaíochtaí Digiteacha san áireamh, atá faoi shainchúram na Rannóige um Oideachas Múinteoirí (TES) sa Roinn Oideachais agus Scileanna (ROS), agus soláthraíonn sí tacaíocht forbartha gairmiúla do mhúinteoirí bunscoile agus iar-bhunscoile agus do cheannairí scoile. Cuireann obair an PDST le feabhsú scoile trí Fhorbairt Ghairmiúil Leanúnach (FGL) ar ardchaighdeán a sholáthar i dtaca le ceisteanna curaclaim agus oideachais, ag cothaíonn sí cleachtas machnamhach agus forbairt leanúnach i measc múinteoirí ceannairí scoile. Is é polasaí na Roinne go ndéantar teicneolaíochtaí digiteacha a chur i bhfeidhm i bpleanáil, dearadh agus soláthar na gcúrsaí oideachas múinteoirí agus na gclár FGL uile. Sna sonraíochtaí curaclaim amach anseo beidh ráitis shoiléire foghlama san áireamh a dhíríonn ar scileanna foghlama digití agus úsáid na dteicneolaíochtaí digiteacha a fhorbairt chun torthaí foghlama a bhaint amach ag gach leibhéal oideachais.

### PDST – Teicneolaíocht san Oideachas

**PDST – Teicneolaíocht san Oideachas** – cuireann sí cur i bhfeidhm na dteicneolaíochtaí oideachais san fhoghlaim, teagasc agus measúnú chun cinn i mbunscoileanna agus in iar-bhunscoileanna agus tugann sí tacaíocht don chur i bhfeidhm sin, trí stór a sholáthar d'acmhainní oideachais oscailte, físeáin dea-chleachtais, FGL ar líne, comhairle agus tacaíocht a bhaineann le bonneagar digiteach agus treoir maidir le húsáid fhreagrach agus níos sábháilte den idirlíon. Is féidir teacht ar na hacmhainní agus tacaíochtaí seo trí na suíomhanna gréasáin PDST – Teicneolaíocht san Oideachas, Scoilnet agus Webwise.


Cuireann an fhoireann PDST um **Theicneolaíocht Dhigiteach** cur i bhfeidhm na dteicneolaíochtaí oideachais san fhoghlaim, teagasc agus measúnú chun cinn i mbunscoileanna agus in iar-bhunscoileanna agus tugann sí tacaíocht don chur i bhfeidhm sin, trí shraith samhlacha foghlama gairmiúla a chur ar fáil a chlúdaíonn seimineáir do cheannairí scoile agus múinteoirí, ceardlanna um thráthnóna/ istoíche, tacaíocht scoilbhunaithe shaincheaptha a eascraíonn as riachtanais aitheanta scoileanna chomh maith le catalóg de chúrsaí samhraidh. Mar thoradh ar an tacaíocht seo, is féidir Teicneolaíochtaí Digiteacha a dhaingniú i ndáiríre sna hábhair agus cláir uile chomh maith le tacaíochtaí ar leith don phróiseas pleanála um fhoghlaim dhigiteach.

Cuireann na foirne PDST bunscoile agus iar-bhunscoile uile cur i bhfeidhm na dTeicneolaíochtaí Digiteacha chun cinn go gníomhach sa teagasc, foghlaim agus measúnú ó thaobh a réimse tosaíochta ábhair/cláir ar leith.

Is féidir teacht ar an gcuid is mó de na tacaíochtaí atá clúdaithe sa chuid seo tríd an nasc seo a leanas:
**http://pdsttechnologyineducation.ie**

## Pleanáil

Is féidir teacht ar na hacmhainní pleanála um fhoghlaim dhigiteach ar an suíomh gréasáin PDST – Teicneolaíocht san Oideachas, lena n-áirítear:




- An Creat Foghlama Digití (Bunscoileanna)
- An Creat Foghlama Digití (Iar-bhunscoileanna)
- Samplaí d'Fhíseáin chun tacú leis an gCreat Foghlama Digití (Bunscoileanna)

- Samplaí d'Fhíseáin chun tacú leis an gCreat Foghlama Digití (Iar-bunscoileanna)
- Na Treoirlínte um Pleanáil Foghlama Digití


## Conas rochtain a dhéanamh:

Digital Learning Planning material:
http://www.pdsttechnologyineducation. ie/en/Planning/

## Conas iad a úsáid:

- Cuirtear naisc ar fáil do na baill foirne uile chuig na doiciméid seo le húsáid chun tacú leis an bpróiseas pleanála um fhoghlaim dhigiteach.
- Cuirtear na baill foirne i dtreo na samplaí de na físeáin a thacaíonn le ráitis chleachtais roghnaithe na scoileanna.

## FGL/Foghlaim Ghairmiúil Múinteoirí




Cuireann an PDST, trína Teicneolaíocht san Oideachas agus a foirne um Theicneolaíocht Dhigiteach deiseanna forbartha gairmiúla de chúrsaí aghaidh ar aghaidh agus ar líne araon ar fáil a chuireann cur i bhfeidhm na dteicneolaíochtaí oideachais san fhoghlaim, teagasc agus measúnú chun

cinn agus a thacaíonn leis an gcur i bhfeidhm sin. Tá na cúrsaí uile ar fáil saor in aisce do mhúinteoirí.

Clúdaíonn siad seo deiseanna le linn an téarma do mhúinteoirí bunscoile agus iar-bhunscoile, chomh maith le cúrsaí samhraidh (atá faofa le haghaidh laethanta EPV0 do mhúinteoirí bunscoile.

Clúdaíonn a bhfuil iontu raon leathan réimsí, lena n-áirítear úsáid teicneolaíochtaí digiteacha chun tacú leis an litearthacht, an uimhearthacht, riachtanais speisialta oideachais agus STEM san fhoghlaim, teagasc agus measúnú. San áireamh sna topaicí ar leith laistigh de na réimsí seo tá:

- Acmhainní agus uirlisí ar líne
- Ríomhfhillteáin
- Códú agus smaointeoireacht ríomhaireachtúil
- Úsáid an Idirlín níos sábháilte
- Scoilnet agus seirbhísí gaolmhara
- Físeán digiteach
- Taifeadadh fuaime
- Íomhánna digiteacha
- Leabharmharcáil shóisialta (acmhainní ar líne a stóráil, a eagrú agus a roinnt)
- Acmhainní digiteacha a chruthú
- Teicneolaíocht dhigiteach don mheasúnú
- Cóipcheart le haghaidh acmhainní digiteacha

Is féidir le múinteoirí teacht ar FGL aghaidh ar aghaidh trína n-ionad oideachais áitiúil agus trí thacaíocht scoile shaincheaptha freisin ina mbíonn foireann an PDST um Theicneolaíocht Dhigiteach i mbun caidrimh le múinteoirí agus le ceannairí scoile i scoileanna agus i seomraí ranga chun go mbeifí in ann teicneolaíochtaí digiteacha a chur i bhfeidhm go héifeachtach sa teagasc, foghlaim agus measúnú. Is féidir le comhairleoirí um Theicneolaíocht Dhigiteach comhoibriú a dhéanamh le bainistíocht na scoile agus/nó leis an bhfoireann/pobal um fhoghlaim dhigiteach chun Plean Foghlama Digití a fhorbairt agus an fhoghlaim ghairmiúil a bhaineann leis a chur ar fáil i gcomhréir leis na riachtanais aitheanta.

Tá FGL ar líne ar fáil trí **TeacherCPD.ie** – ardán foghlama ar líne an PDST –

Teicneolaíocht san Oideachas. Bíonn na cúrsaí ar siúl ar feadh 2 go 20 uair an chloig agus is féidir leis na múinteoirí iad a chur i gcrích ina gcuid ama féin.

## Conas rochtain a dhéanamh:


FGL aghaidh ar aghaidh: http://www.pdsttechnologyineducation.ie/en/Training/
FGL ar líne: http://TeacherCPD.ie
Tacaíocht inscoile: http://pdst.ie/schoolsupport

## Conas iad a úsáid:

- Léargas den FGL atá ar fáil a sholáthar ag cruinniú foirne (cuir soláthraithe eile san áireamh de réir mar is cuí).
- Aitheantas a chur ar fáil don fhoireann as ucht FGL aghaidh ar aghaidh nó ar líne a chur i gcrích le linn uaireanta breise, i gcomhréir leis na ciorcláin chuí (Ciorclán 0042/2016 nó aon chinn nuashonraithe ina dhiaidh sin).
- Cúrsa ar líne a chur i gcrích mar an fhoireann uile agus cruinniú pleanála do mhúinteoirí a bheith ann ina dhiaidh sin chun tacú le gníomhartha scoile ar leith bunaithe ar ábhar an chúrsa.
- Cúrsa samhraidh nó le linn an téarma (aghaidh ar aghaidh) a eagrú don fhoireann uile.
- Múinteoirí a chur ar an eolas maidir leis an tacaíocht inscoile PDST.

## Físeáin Dea-chleatais

Tá níos mó ná 100 físeán curtha ar fáil ag an PDST – Teicneolaíocht san Oideachas a chuireann an dea-chleachtas i láthair maidir le teicneolaíochtaí digiteacha a chur i bhfeidhm i seomraí ranga na hÉireann. Tá na físeáin idir



3 agus 5 nóiméad ar fhad agus clúdaíonn siad raon leathan topaicí agus réimsí ábhair idir róbataic a úsáid agus smaointeoireacht ríomhaireachtúil a theagasc sna Naíonáin Shóisearacha agus fhóin chliste na scoláirí féin (BYOD) a úsáid chun tacú leis an measúnú i Mata na Sraithe Sinsearaí.

## Conas rochtain a dhéanamh:

**Físeáin Bunscoile:**
http://www.pdsttechnologyineducation.ie/en/GoodPractice/Videos/
**Físeáin Iar-bhunscoile:**
http://www.pdsttechnologyineducation.ie/en/Good-Practice/Videos/




## Seirbhísí Scoilnet

Is é Scoilnet tairseach oifigiúil na Roinne Oideachais agus Scileanna maidir le hoideachas na hÉireann agus tá sé faoi bhainistíocht an PDST – Teicneolaíocht san Oideachas. Is é aidhm na seirbhíse ná chun litearthacht dhigiteach agus muinín a fhorbairt in úsáid na teicneolaíochta sa teagasc agus san fhoghlaim trí acmhainní oideachais oscailte a chuireann leis an gcuraclam a sholáthar. Is féidir le múinteoirí cláraithe in Éirinn acmhainní seomra ranga a roinnt trí Scoilnet.

Faoi láthair, tá os cionn 19,000+ acmhainní oideachais oscailte agus naisc ghréasáin a thagann le Curaclam na Bunscoile agus Siollabas Ábhair na nIar-

bhunscoileanna atá ar fáil saor in aisce do gach scoil. Rinneadh feabhsúchán ar an tairseach Scoilnet in 2014 ionas go mbeadh gach múinteoir cláraithe in Éirinn in ann a n-acmhainní féin a chuireann leis an gcuraclam a chomhroinnt tríd an suíomh gréasáin.

Leis an tionscnamh Scoilnet tugtar ceadúnas d'ábhar digiteach seachtrach a úsáid i scoileanna agus tríd seo tá rochtain saor in aisce orthu seo a leanas

- World Book Online
- Cartlann Nuachtáin na hÉireann (60+ nuachtán náisiúnta agus áitiúla)
- Cartlann an Irish Times
- Foclóir de Bheathaisnéisí Éireannacha
- Bailiúchán JSTOR na hÉireann
- Leabhair thagartha roghnaithe ó Acadamh Ríoga na hÉireann

## Conas rochtain a dhéanamh:

**Scoilnet:** http://www.scoilnet.ie

Rinneadh líon suíomhanna gréasáin neamhspleácha a bhaineann go sonrach le curaclam na hÉireann a fhorbairt faoin tionscnamh Scoilnet. Baineadh é seo amach i gcomhar le forbairt ghairmiúil agus le seirbhísí tacaíochta curaclaim, agus le heagraíochtaí eile agus tá suíomhanna gréasáin mar seo a leanas san áireamh ann:

- **Scoilnet Maps** – Uirlis léarscáilithe idirghníomhach ina bhfuil léarscáileanna mionsonraithe de chuid Shuirbhéireacht Ordanáis na hÉireann, léarscáileanna den domhan, sraitheanna sonraí GIS. www.maps.scoilnet.ie
- **Science Hooks** – Tionscnamh de chuid Ollscoil na hÉireann, Gaillimh, agus cuireann sé bailiúchán d'fhíseáin ar fáil d'oideoirí eolaíochta a léiríonn gnéithe nua agus tarraingteacha den Cheimic, Fisic agus Bitheolaíocht. http://www.sciencehooks.scoilnet.ie/
- **French.ie** – A chuireann tacaíocht ar fáil do churaclam na Sraithe Sóisearaí agus na Sraithe Sinsearaí. www.french.ie
- **German.ie** – Comhthionscadal chun tacú le Gearmáinis na Sraithe Sóisearaí agus na Sraithe Sinsearaí. www.german.ie
- **CensusAtSchool** – Tionscadal idirnáisiúnta a chuireanna an litearthacht staitistiúil chun cinn. Déanann an suíomh gréasáin seo bailiú agus scaipeadh na bhfíorshonraí atá le húsáid ag múinteoirí

agus scoláirí sa rang a éascú. www.censusatschool.ie/

- **Bratach na hÉireann** – Déanann sé seo iniúchadh ar fhorbairt stairiúil bratach thrídhathach na hÉireann agus an chaoi ar glacadh léi mar bhratach stát na hÉireann. www.scoilnet.ie/irishflag/
- **Threads** – Cuireann sé seo spás ar líne ar fáil do scoileanna ionas gur féidir tionscadail staire ó bhéal dá scoláirí a uaslódáil agus a roinnt. www.scoilnet.ie/threads
- **Na hEalaíona san Oideachas** – Pobal cleachtais laistigh de na healaíona agus an t-oideachas, agus cuireann sé spás ar fáil inar féidir tacaíocht agus spreagadh a thabhairt d'ealaíontóirí agus múinteoirí araon. www.artsineducation.ie

Tionscadal nuálach eile atá á reáchtáil ag an PDST – Teicneolaíocht san Oideachas ná FÍS – a dhíríonn ar bhunscoileanna. Déanann FÍS iniúchadh ar an scannánaíocht mar mheán le léiriú a dhéanamh i dtaca leis na healaíona, agus cuirtear na leanaí ar an eolas faoi ghnéithe den phróiseas le scannáin a dhéanamh.

D'éirigh leis an tionscadal cuidiú le leanaí scileanna riachtanacha a fhorbairt sa litearthacht d'íomhánna gluaisteacha, sa chumarsáid agus san obair foirne. In 2016, rinne Tionscadal Scannánaíochta FÍS a shraith iomlán acmhainní do mhúinteoirí a nuashonrú. Tá sraith nua de phleananna ceachta ar fáil chomh maith le raon d'fhíseáin teagaisc ghearra ar shuíomh gréasáin Thionscadal Scannánaíochta FÍS.

Tá Tionscadal Scannánaíochta FÍS fós á chur ar fáil ag Oifig FÍS san Institiúid Ealaíne, Deartha agus Teicneolaíochta agus ag an PDST – Teicneolaíocht san Oideachas.


### Conas rochtain a dhéanamh:

Tionscadal Scannánaíochta FÍS: http://www.fisfilmproject.ie/

### Conas iad a úsáid:

- Cur i bhfeidhm na n-acmhainní digiteacha sa teagasc sa seomra ranga a spreagadh.

- Múinteoirí a fháil chun 'cosáin foghlama' a chruthú sa rang tríd an uirlis a chuireann Scoilnet ar fáil inar féidir acmhainní a tharraingt isteach i mbailiúchán pearsanta is féidir a roinnt le scoiláirí.
- Múinteoirí a spreagadh a n-acmhainní a roinnt tríd an tairseach Scoilnet agus dá bhrí sin an bunachar sonraí a leathnú maidir le hacmhainní oideachais oscailte atá ar fáil do gach múinteoir.
- Múinteoirí a spreagadh le dul i mbun tionscadal digiteacha ar leith, e.g. *Census At School* don Mhata; *Threads* don Stair; *Scoilnet Maps* don Tíreolaíocht.




## Webwise & Sábháilteacht ar an Idirlíon

Cuireann Webwise úsáid fhreagrach, éifeachtach agus níos sábháilte daoine óga ar an idirlíon chun cinn trí acmhainní a fhorbairt agus a scaipeadh a chuidíonn le múinteoirí an tsábháilteacht ar an idirlíon a chomhtháthú isteach sa teagasc agus san fhoghlaim ina scoileanna. Cuireann Webwise eolais, comhairle agus uirlisí ar fáil freisin do thuismitheoirí chun tacú lena rannpháirtíocht i saol a leanaí ar líne. Le cuidiú ó Phainéal Webwise um Threoir don Óige, déanann Webwise forbairt ar eolas dírithe ar an eolas a mhúsclaíonn acmhainní agus feachtais a thugann faoi thopaicí ar nós an chibearbhulaíocht.

## Acmhainní Webwise

Príomhfhócas de ghníomhartha feasachta Webwise is ea an tacaíocht chuí a chur ar fáil do scoileanna chun úsáid níos sábháilte agus níos éifeachtaí den idirlíon a chur chun cinn sa teagasc, foghlaim agus measúnú. Tugann Webwise tacaíocht do chuimsiú fheasacht agus chosc na cibearbhulaíochta i gcur i bhfeidhm churaclam Oideachais Shóisialta, Phearsanta agus Shláinte (OSPS) sna Bunscoileanna agus Iar-bhunscoileanna trí acmhainní foghlama saor in aisce a fhorbairt is féidir le múinteoirí a úsáid i seomraí ranga. Is féidir ordú a chur isteach le haghaidh na n-acmhainní uile saor in aisce ar Webwise.ie.

## Tuismitheoirí Webwise

Cuireann Webwise eolas, comhairle agus uirlisí ar fáil freisin do thuismitheoirí chun tacú lena rannpháirtíocht i saol a leanaí ar líne. Is féidir teacht ar chomhairle, eolas agus acmhainní ar an leathanach gréasáin seo.

## Conas rochtain a dhéanamh:

**Webwise:** http://www.webwise.ie
Acmhainní saor in aisce Webwise do mhúinteoirí:
https://www.webwise.ie/teachers/ resources/
Gineadóir AUP: https://www.webwise.ie/aup-2/
Tuismitheoirí Webwise: https://www.webwise.ie/parents/

## Conas iad a úsáid:

- Spreag na múinteoirí chun acmhainní Webwise a úsáid sa seomra ranga chun tabhairt faoi thopaicí maidir le sábháilteacht ar an idirlíon.
- Breathnaigh ar threoracha comhairle Webwise do thuismitheoirí atá saor in aisce a chur isteach i bpacáistí ionduchtúcháin scoláirí.
- Spreag múinteoirí le físeáin seomraí ranga a úsáid chun scoláirí a chur i mbun topaicí ar nós íomhánna a roinnt, an chibearbhulaíocht agus na meáin shóisialta.
- Ar an Lá le haghaidh Idirlíon níos Sábháilte, bíonn deis iontach ann do scoileanna an chaoi ina bhfuil siad ag tabhairt faoi Shábháilteacht ar an Idirlíon a chur i láthair. Spreag na múinteoirí

agus na scoláirí le bheith rannpháirteach ann. Is féidir teacht ar eolas anseo: saferinternetday.ie.

- Spreag na scoláirí le dul i ngleic leis an gcibearbhulaíocht agus le saincheisteanna eile maidir le sábháilteacht ar an idirlíon trí ghníomhaíochtaí agus feachtais faoi threoir piaraí. Cuireann Watchyourspace.ie eolas, comhairle agus acmhainní saor in aisce ar fáil do dhéagóirí.
- Bain úsáid as uirlis Gineadóra um Polasaí Úsáide Inghlactha de chuid Webwise chun Polasaí Úsáide Inghlactha a cheapadh bunaithe ar do scoil.

## Teicneolaíocht / Bonneagar Digiteach




- Cuireann an PDST – Teicneolaíocht san Oideachas, comhtháthú bonneagair dhigitigh ar ardchaighdeán sa teagasc agus foghlaim le haghaidh scoileanna chun cinn agus tugann sí tacaíocht dó. Cé go bhfuil gach scoil uathúil ó thaobh na méide, a suímh agus chéim a forbartha, tá roinnt athruithe agus treochtaí comhchoiteanna atá ag tarlú maidir le conas atá scoileanna ag baint úsáid as teicneolaíochtaí digiteacha. San áireamh anseo tá:
- Úsáid mhéadaithe uirlisí agus feidhmchláir néalbhunaithe ag scoileanna
- An tábhacht a bhaineann le leathanbhanda mear/iontaofa chun nasc a dhéanamh le feidhmchláir néalbhunaithe

- Úsáid gléasanna ríomhaireachta móibíleacha ag múinteoirí agus scoláirí chun tacú le comhthéacsanna foghlama gníomhacha
- An tábhacht a bhaineann le líonraí wifi oiriúnacha laistigh de scoileanna chun tacú le comhthéacsanna foghlama móibíleacha
- Athruithe sa chaoi ina gcuirtear eolas i láthair sa seomra ranga.

Déileáiltear le gach ceann de na réimsí seo a leanas go mion sa chuid Teicneolaíochta de shuíomh gréasáin an PDST – Teicneolaíocht san Oideachas:

**Gléasanna Foghlama Móibíleacha / BYOD**

Tá níos mó agus níos mó scoileanna ag baint úsáid as gléasanna móibíleacha anois sna seomraí ranga seachas ríomhairí pearsanta deisce. Chomh maith leis sin, tá táibléid á gceannach níos mó anois seachas ríomhairí glúine mar cuireann siad roghanna eile ar fáil do scoileanna chun tacú leis an bhfoghlaim mhóibíleach. Athrú atá ag teacht chun cinn ná chun ligean do dhaltaí/scoláirí a ngléasanna féin a thabhairt isteach (BYOD) le haghaidh na foghlama.

**Líonrú / Líonraí Wifi**

Chun tacú leis an bhfoghlaim dhigiteach éifeachtach ag baint úsáid as gléasanna móibíleacha tá ríthábhacht anois le líonra wifi 'oiriúnach don fheidhm'. Ceanglaíonn córais Wifi gléasanna móibíleacha le hacmhainní ar líne tríd an nasc leathanbhanda agus dá bhrí sin bíonn a leithéid d'fhoghlaim mhóibíleach, wifi na scoile, an leathanbhanda agus úsáid na néal-fheidhmchlár ag brath ar fad ar a chéile. Tá sé tábhachtach má tá scoileanna ag ceannach líonra gan sreang go lorgaíonn siad comhairle neamhspleách.

**Ag Cur i Láthair sa Seomra Ranga**

Tá múinteoirí ag baint úsáid as réimse de chuir chuige idirghníomhacha le 'cur i láthair' a dhéanamh i seomraí ranga. Cé go bhfuil cláir bhána idirghníomhacha (IWBanna) fós oiriúnach don fheidhm nuair a úsáidtear iad go héifeachtach, is féidir le teicneolaíochtaí agus feidhmchláir nua scáileáin na múinteoirí nó scáileáin na scoláirí a fhrithchaitheamh gan sreang ar scáileán mór. Is féidir Réscáileáin Idirghníomhacha Mhóra (IFS), cé go bhfuil siad níos costasaí, bheith mar rogha eile ar na IWBanna agus/nó teilgeoir le haghaidh ceannachán nua.

**Uirlisí agus feidhmchláir néalbhunaithe**

Tá scoileanna ag baint úsáid níos mó as raon leathan d'uirlisí agus feidhmchláir néalbhunaithe atá úsáideach chun tacú leis an bhfoghlaim, teagasc agus measúnú. Tá cuid mhór díobh saor in aisce agus cuireann siad raon féidearthachtaí éagsúla atá ag forbairt ar fáil chun cur leis an bhfoghlaim.

**Leathanbhanda Scoileanna**

Tá ríthábhacht le leathanbhanda mear agus iontaofa chun rochtain a dhéanamh ar acmhainní ar líne le haghaidh na foghlama. Tá leathanbhanda ardluais ag gach Iar-bhunscoil. Sa Chlár Leathanbhanda do Scoileanna, cuirtear sraith chomhtháite de sheirbhísí ar fáil do scoileanna lena n-áirítear nascacht leathanbhanda, agus seirbhísí óstacha a chlúdaíonn scagadh ábhair, blagáil-óstáil gréasáin agus seirbhísí slándála lena n-áirítear rialú frithvíris agus balla dóiteáin láraithe.

**Tacaíocht Theicniúil**

Is é aidhm na tacaíochtaí teicniúla i scoileanna ná chun seirbhís atá oiriúnach don fheidhm a chur ar fáil lena chinntiú go bhfuil teicneolaíochtaí digiteacha, trealamh, bonneagar agus córais reatha na scoile ag feidhmiú agus gur féidir brath orthu, ionas gur féidir leo tacú leis an bhfoghlaim, teagasc agus measúnú, le riarachán na scoileanna agus leis na córais phleanála. San áireamh sna teicneolaíochtaí digiteacha seo tá gléasanna ríomhaireachtúla, líonra lena n-áirítear wifi, agus córais eile ar nós ardáin foghlama, uirlisí foghlama digití agus feidhmchláir agus bogearraí. San áireamh iontu freisin tá córais riaracháin scoileanna, córais chumarsáide le tuismitheoirí agus suíomh gréasáin na scoile.

Is féidir teacht ar thuilleadh eolais, sonraí teagmhála san áireamh, ar: https://jmb.ie/school-procurment

## Conas rochtain a dhéanamh:

Comhairle teicneolaíochta ar na réimsí uile atá clúdaithe thuas:
http://www.pdsttechnologyineducation.ie/en/Technology/
Deasc Seirbhíse Leathanbhanda do Scoileanna (pointe amháin teagmhála do scoileanna): Ríomhphost: broadbandservicedesk@pdst.ie nó teil: 1800 33 44 66.
Teagmháil ríomhphoist d'fhiosruithe bonneagair TFC ar leith: ictadvice@pdst.ie.

**Eolas faoi Sholáthar/Úsáid Creataí Ceannacháin**

Gníomhaíonn Aonad Soláthair Scoileanna (ASS) mar fheidhm chomhordaithe lárnach um sholáthar do na scoileanna uile san earnáil bhunscoile, do na meánscoileanna deonacha, scoileanna speisialta agus scoileanna san earnáil Phobail agus Chuimsitheach (P & C) uile (lena n-áirítear scoileanna speisialta agus gan scoileanna faoi shainchúram na mBOOanna san áireamh). Eisíodh an doiciméad "Treoir do Scoileanna maidir le Dea-chleachtais Soláthair" chuig gach na scoileanna uile, atá ar fáil ar a suíomh gréasáin freisin, ina dtugtar breac-chuntas ar riachtanais um sholáthar, agus ina dtugtar mionsonraí faoin bpróiseas atá le leanúint ag scoileanna nuair atá earraí agus seirbhísí á soláthar, ag baint úsáid as airgead poiblí.

Cuireann an tAonad Soláthair Scoileanna pointe lárnach teagmhála ar fáil freisin le haghaidh comhairle agus treorach do na scoileanna uile (faoina shainchúram) maidir le ceisteanna a bhaineann le soláthar, lena n-áirítear úsáid Chreataí na hOifige um Sholáthar Rialtais (OSR) agus an ROS. Cuidíonn an ASS le scoileanna feabhas a chur ar a bpolasaithe, cleachtais agus próisis um sholáthar agus bíonn sé i dteagmháil le pearsanra na scoileanna, i dtreo is go roghnófaí creataí agus comórtais do scoileanna a socraíodh go lárnach.

Is féidir teacht ar thuilleadh eolais, sonraí teagmhála san áireamh, ar:
https://jmb.ie/school-procurement

## AGUISÍN B

**[Ainm na scoile]**

(Deartha le bheith priontáilte i bhformáid Tírdhreacha)

### Ár bPlean Foghlama Digití

**1. Réamhrá**

Déanann an doiciméad seo taifeadadh ar thorthaí ár bplean foghlama digití reatha, lena n-áirítear na spriocanna agus na gníomhartha a chuirfimid i bhfeidhm chun ár spriocanna a bhaint amach.

**1.1 Sonraí na Scoile:**

- 
- 

**1.2 Fís na Scoile:**

- 
- 

**1.3 Cuntas gairid ar úsáid na dteicneolaíochtaí digiteacha sa scoil go dtí seo:**

- 
- 
- 

**2.Fócas an Phlean Foghlama Digití seo**

Thug muid faoi mheastóireacht foghlama digití inár scoil le linn na tréimhse (*mí/bliain*) go dtí (*mí/bliain*). Rinne muid meastóireacht ar an dul chun cinn atá déanta againn ag baint úsáid as na foinsí fianaise seo a leanas:

### 2.1 Na gnéithe agus réimsí ón gCreat Foghlama Digití atá á roghnú

- 
- 
- 

### 2.2 Na caighdeáin agus ráitis ón gCreat Foghlama Digití atá á roghnú

| Caighdeán | Ráiteas |
|---|---|
| | |
| | |
| | |

### 2.3 Is iad seo a leanas achoimre ar ár láidreachtaí ó thaobh na foghlama digití

- 
- 
- 

### 2.4 Is iad seo a leanas cad ar a mbeimid ag díriú chun tuilleadh feabhais a chur ar ár gcleachtas foghlama digití

- 
- 
- 

### 3. Ár bPlean Foghlama Digití

Ar an gcéad leathanach eile tá taifeadadh déanta againn ar na nithe seo a leanas:

Na **spriocanna** le haghaidh feabhsúcháin atá leagtha síos againn

Na **gníomhartha** a chuirfimid i bhfeidhm chun iad seo a bhaint amach

**Cé atá freagrach** as ár bplean feabhsúcháin a chur i bhfeidhm, agus monatóireacht agus athbhreithniú a dhéanamh air

Conas a dhéanfaimid **dul chun cinn** a thomhas agus conas a dhéanfaimid **torthaí** a sheiceáil (critéir le go n-éireoidh leis)

De réir mar a chuirfimid ár bplean feabhsúcháin i bhfeidhm, déanfaimid taifeadadh orthu seo a leanas:

An dul chun cinn a rinneadh, agus na coigeartuithe a rinneadh, agus cathain

**Na spriocanna a baineadh amach** (bunspriocanna agus spriocanna athraithe), agus cathain

## Plean Gnímh Foghlama Digití

RÉIMSE: (Ón gCreat Foghlama Dígití) ________________________________

CAIGHDEÁN/CAIGHDEÁIN: (Ón gCreat Foghlama Dígití) ____________________

RÁITEAS/RÁITIS: (Ón gCreat Foghlama Dígití) ____________________________

Spriocanna: (Cad is mian linn a bhaint amach?)

| GNÍOMHARTHA (Cad is gá a dhéanamh?) | TRÉIMHSE AMA (Cathain atá sé le bheith déanta?) | SAINCHÚRAIMÍ (Cé atá lena dhéanamh?) | ACMHAINNÍ (Cad iad na hacmhainní atá ag teastáil?) | CRITÉIR LE GO nÉIREOIDH LEIS (Cad iad na torthaí atá ag teastáil?) |
|---|---|---|---|---|
| • | • | • | • | • |
| • | • | • | • | • |
| • | • | • | • | • |

Nósanna Imeachta Meastóireachta:

## AGUISÍN C

GRÚPA FORBARTHA NA STRAITÉISE DIGITÍ DO SCOILEANNA, 2015-2020 – TREOIRLÍNTE UM PLEANÁIL FOGHLAMA DIGITÍ
(Tagann siad seo in áit lámhleabhar ríomhfhoghlama do scoile)

## BALLRAÍOCHT

| | |
|---|---|
| **Betty Regan** | Cathaoirleach, An Roinn Oideachais agus Scileanna (ROS) |
| **Sean Gallagher** | Leas-Stiúrthóir Teicneolaíochtaí Digiteacha (PDST) |
| **Mark Finlay** | Ceannaire Foirne Teicneolaíochtaí Digiteacha (PDST) |
| **Madeleine Murray** | Comhordaitheoir Náisiúnta – Dearadh FGL (PDST – Teicneolaíocht san Oideachas) |
| **Seamus Knox** | Cigire Sinsearach, Iar-bhunscoil (ROS) |
| **Leo Kilroy** | Cigire, Bunscoil (ROS) |
| **Tony Weir** | Cigire Sinsearach, Iar-bhunscoil (ROS) |
| **An tOllamh Deirdre Butler** | Saineolaí seachtrach (Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath) |
| **Karen Murtagh** | Aonad Curaclaim agus Polasaí Measúnachta (ROS) |
| **Ben Murray** | An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (CNCM) |

Fuair an Grúpa cuidiú ina chuid oibre ó chomhairleoir seachtrach H2 Learning (Michael Hallissy, John Hurley)

AN ROINN OIDEACHAIS AGUS SCILEANNA

DEPARTMENT OF EDUCATION AND SKILLS